*Tír ina bhfuil sábháilteacht, sláinte agus leas oibrithe agus bainistiú sábháilte ceimiceán ina gcuid lárnach d’fhiontar rathúil*

**AN TÚDARÁS SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA**

**Teil: 01890 289 389**

**Ó lasmuigh d’Éirinn:**

**00353 1 6147000**

**Facs: (01) 6147020**

**www.hsa.ie**

Uimh. ISBN: 978-1-84496-181-8

AN TÚDARÁS SLÁINTE
AGUS SÁBHÁILTEACHTA

HSA0414

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta | Tuarascáil Bhliantúil 2012

AN TÚDARÁS SLÁINTE
AGUS SÁBHÁILTEACHTA

’12







# Tuarascáil Bhliantúil | 2012

Ár bhfís:

Tír ina bhfuil sábháilteacht, sláinte agus leas oibrithe agus bainistíocht shábháilte ceimiceán ina gcuid lárnach d'fhiontar rathúil

# Clár Ábhar


Réamhrá an Chathaoirligh ... 2

Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh ... 3

Ról an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta ... 5

Bord an Údaráis ... 6

Feidhmeannas an Údaráis ... 8

Rudaí a baineadh amach in 2012 – Comhlíonadh san Ionad Oibre agus Clár Comhairle ... 9

Rudaí a baineadh amach in 2012 - Clár Seirbhísí Coisctheacha ... 14

Rudaí a baineadh amach in 2012 - Clár Seirbhísí do Ghnóthais Cheimiceacha ... 18

Rudaí a baineadh amach in 2012 - Clár Seirbhísí Corparáideacha ... 23

Sleachta as ráitis airgeadais neamhiniúchta an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012 ... 25

Aguisín A Staitisticí Forfheidhmiúcháin 2012 ... 36

Aguisín B Torthaí Ionchúiseamh na Bliana 2012 ... 38

Aguisín C Clár Reachtaíochta agus Treorach 2012 ... 45

Aguisín D Fochoistí an Bhoird agus Coistí Comhairleacha ... 47

Aguisín E Tuarascáil don bhliain 2012 faoin chaoi ar chuir na hÚdaráis Sainithe Náisiúnta ar a gcuid feidhmeanna i gcrích faoi na hAchtanna Ceimiceán 2008 agus 2010 ... 51

Aguisín F Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh 2012 ... 55

Aguisín G Ráiteas maidir le comhlíonadh cheanglais an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit – sa bhreis ar an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais ... 56



Arna fhoilsiú ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, An Foirgneamh Uirbeach, Sráid James Joyce, Baile Átha Cliath 1.


© Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcóras aisghabhála, ná a tharchur i bhfoirm ar bith nó ar mhodh ar bith, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil nó ar thaifeadadh nó eile gan cead a fháil roimh ré ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta.

# Réamhrá an Chathaoirligh



Michael Horgan

Cathaoirleach

A Aire,

Is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta do 2012 a chur i láthair. Léiríonn an tuarascáil seo gur éirigh leis an Údarás a lán a bhaint amach i rith na bliana. Bhain an tÚdarás amach a chuid príomhspriocanna go léir agus sháraigh sé cuid acu.

Bhí líon na n-iniúchtaí agus na n-imscrúduithe san ionad oibre a rinneadh faoin reachtaíocht sábháilteachta agus sláinte cheirde beagnach 5% níos airde ná an sprioc a leagadh síos ar dtús agus i bhformhór na gcásanna sin tugadh comhairle ó bhéal nó i scríbhinn do na fostóirí. Mar sin féin, cuireadh bearta foirmiúla forfheidhmiúcháin i bhfeidhm de thoradh 6% de na cigireachtaí sin. Gné amháin den chlár cigireachta a ba chúis misnigh faoi leith dúinn ab ea an céatadán an-ard de na fostóirí a d’aontaigh le toradh na cigireachta agus an ráta ard feabhsúchán a chuir na fostóirí i bhfeidhm.

Tá cuid lárnach dár gclár is ea faisnéis, comhairle agus uirlisí a sholáthar d'fhostóirí agus d'fhostaithe le cur ar a gcumas dea-chaighdeáin a choinneáil agus a fheabhsú ar bhealach atá éifeachtach ó thaobh costais de. Thugamar freagra ar os cionn 26,000 fiosrúchán agus bhí beagnach 11,000 fiontar beag ag baint úsáide as ár n-uirlis sábháilteachta do lucht bainistíochta BeSMART i rith na bliana seo chaite. Ba mhéaduithe suntasacha iad ar fhigiúirí na bliana roimhe sin.

Bhí rath ar ár gclár ceimiceán i roinnt réimsí, ach ar an drochuair laghdaíodh éifeacht an chláir toisc go bhfuil baill foirne lárnacha ag imeacht uainn i gcónaí agus bhí orainn a tharraingt siar ó roinnt réimsí, lena n-áirítear tacaíocht a sholáthar d’fhorbairt nana-ábhar a d’fhéadfadh tábhacht straitéiseach a bheith acu do thionscal na hÉireann. Laghdaíomar freisin an t-ionchur a bhíodh againn maidir le forbairt beartais an AE i leith úsáide ceimiceán.

Is é an toradh a bheidh ar an gcaillteanas leanúnach foirne atá sainordaithe faoi chreat rialaithe fostaíochta an Údaráis ná go ndéanfar tuilleadh laghduithe ar chumas an Údaráis tacaíocht a thabhairt do phríomhearnálacha eacnamaíocha in 2013 agus in 2014. Laghdaigh an tÚdarás na cigireachtaí a dhéanann sé i gcomhréir leis an laghdú atá tagtha ar fhostaíocht i réimse earnálacha ach is é an toradh atá ar an laghdú atá tagtha ar ár bhfoireann ná nach féidir aon iniúchtaí réamhghníomhacha a chur i gcrích i réimse leathan earnálacha, agus tá siad á laghdú in earnálacha eile. Measaimid gurb é an toradh a bheidh aige sin ná go n-ísleofar caighdeáin agus go dtiocfaidh méadú ar gortuithe agus ar chostais san ionad oibre. Aithníonn an Bord gur dúshlán é sin agus táimid ag scrúdú cur chuige nua maidir le comhlíonadh faoi láthair agus táimid ag obair leis an bhFeidhmeannas chun ár n-acmhainní tearca a dhíriú ar na réimsí is mó riosca agus tábhacht eacnamaíoch.

Tá an tÚdarás gnóthach ag iarraidh srian a chur le torthaí an chaillteanais foirne agus tá mé cinnte go leanfar ar aghaidh leis an obair sin. Tuigimid na héilimh atá á dhéanamh ar chistí státchiste in áiteanna eile sa tseirbhís phoiblí agus tá sé léirithe againn go bhfuilimid lánsásta cuidiú le baint amach spriocanna an Rialtais. Mar sin féin, tá sé tábhachtach nach gcuirfear ar cheal an dul chun cinn suntasach a rinneadh sna réimsí sláinte agus sábháilteachta agus ceimiceán le deich mbliana anuas.

# Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh



Martin O'Halloran

Príomhfheidhmeannach

D'éirigh leis an Údarás clár oibre a bhí dúshlánach agus an-leathan a chur i gcrích in 2012. Leanamar ar aghaidh sna réimsí ceimiceán agus sláinte agus sábháilteachta san ionad oibre leis an gcur chuige atá againn maidir le tacú le lucht fiontair na hÉireann go príomha trí eolas agus comhairle a sholáthar, agus trí bhearta forfheidhmiúcháin nuair ba ghá. Tá sainchúram an-leathan againn a bhaineann le gach earnáil eacnamaíoch agus a chuimsíonn níos mó ná 200 acht, rialachán agus coinbhinsiún, agus ciallaíonn sé sin go bhfuil tionchar suntasach ag an Údarás ar a lán ionad oibre in Éirinn, ar oibrithe agus ar an bpobal i gcoitinne in 2012.

Is cúis díomá é gur maraíodh 48 duine in 2012 de bharr rudaí a bhain le cúrsaí oibre. Leanadh den treocht a bhí le sonrú sna blianta roimhe sin sa mhéid is gur tharla níos mó ná leath de na básanna go léir sna hearnálacha feirmeoireachta agus iascaireachta. Is léir go bhfuil réitithe nuálacha, cuimsitheacha ag teastáil san earnáil talmhaíochta agus go gcaithfidh na príomh-rannpháirtithe a bheith páirteach iontu go ceann i bhfad. In 2012, bhain an tÚdarás leas as méid suntasach acmhainní chun ár dteachtaireacht a chur in iúl dóibh siúd atá ag obair san earnáil trí chigireachtaí (rinneadh os cionn 3,000 cigireacht), spreagadh feasachta (trí fheachtas dian, neamhbhalbh fógraíochta), agus gníomhaíochtaí comhoibritheacha le príomhghrúpaí. Go sonrach, forbraíodh plean nua gníomhaíochta maidir le sábháilteachta ar an bhfeirm i gcomhairle leis an gCoiste Comhairleach na Comhpháirtíochta um Shábháilteacht Feirme. Leanfar ar aghaidh ag tabhairt tús áite don obair sin in 2013 agus ina dhiaidh sin.

D'éirigh leis an Údarás roinnt éachtaí suntasacha a dhéanamh in 2012. In ainneoin gur thar tuilleadh laghduithe i líon foirne an Údaráis d'éirigh leis breis agus 13,800 cigireacht a dhéanamh in 2012 lena n-áirítear 1,500 imscrúdú. Bhí freagra an-dearfach ag formhór na ndaoine a bhí i gceannas agus iad ag déileáil le cigirí ach bhí sé riachtanach i níos mó ná 900 cás leas a bhaint as na hionstraimí foirmiúla forfheidhmiúcháin nuair a measadh go raibh baol díobhála tromchúisí pearsanta i gceist nó nach rabhthas sásta moltaí a chomhlíonadh go deonach. Tionscnaíodh fiche ionchúiseamh in 2012 toisc go bhfuarthas amach go raibh sáruithe tromchúiseacha déanta agus gearradh €425,000 mar fhíneálacha dá mbarr. Cuireadh tú in 2012 le suirbhé a dhéanamh ar fhostóirí a ndearnadh cigireacht orthu agus deimhníodh go bhfuil meas acu ar ár n-iniúchtaí agus go bhfuil siad ag déanamh mar a mholamar. Thacaigh beagnach 70% de na freagróirí 'go láidir' le toradh an iniúchta agus bhí os cionn 80% de na freagróirí tar éis moltaí an chigire a chur 'i bhfeidhm go hiomlán' nó go raibh 'trí cheathrú' den mholadh nó de na moltaí curtha i bhfeidhm acu trí mhí tar éis an iniúchta.

Le linn 2012 bhí ngníomhaíochtaí an-suntasacha fógraíochta agus soláthar faisnéise ar siúl againn ar ár láithreán gréasáin agus inár n-ionad teagmhála. Íoslódáladh níos mó ná 600,000 rudaí saor in aisce ónár láithreán gréasáin agus thug ár bhfoireann Teagmhála leis an Ionad Oibre fhreagra ar níos mó ná 26,000 duine a rinne teagmháil linn.

# Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh (ar lean.)

Maidir leis na ráitis sábháilteachta a ndearnadh measúnú orthu le linn na gcigireachtaí, fuarthas amach gur ullmhaíodh 4% díobh trí leas a bhaint as córas BeSMART an Údaráis. Uirlis mheasúnaithe riosca is ea í sin do ghnóthais bheaga agus tá sé ar fáil saor in aisce ar líne. Bhí beagnach 10,800 úsáideoir cláraithe ag úsáid an chórais faoi dheireadh na bliana 2012. Rinneadh iarrachtaí in 2012 le go mbeadh níos mó cineálacha gnó ann a bhféadfadh an uirlis a úsáid agus reáchtáladh ceardlanna chun an uirlis a chur chun cinn. Ba cheart go spreagfadh siad sin fostóirí le clárú le haghaidh na seirbhíse seo, rud a chabhraíonn chun an obair rialacháin a laghdú agus a chinntíonn leibhéal ard comhlíonta.

Ós rud é gur muidne Príomh-Údarás Inniúil an Bhallstáit ó thaobh reachtaíochta ceimiceán (Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srian ar Cheimiceáin (REACH) agus Aicmiú, Pacáistiú agus Lipéadú (CLP)) in Éirinn, ghlacamar páirt i ngach coiste de chuid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán. Chuireamar ionchuir theicniúla ar fáil faoi mheastóireacht sainchomhad maidir le moltaí tástála agus seiceálacha ar chomhlíonadh, go háirithe nuair a bheadh an cláraí de chuid na hÉireann i gceist. Chuireamar bailchríoch rathúil in 2012 ar an gcéad mheastóireacht substainte a rinneamar ar 4-meitiolanasól. Chuir an tÚdarás mórchuid comhairle agus coimrí ar fáil don Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta (an Roinn PFN) faoi réimse nithe a bhain le ceimiceáin agus a raibh cinneadh le déanamh fúthu ar leibhéal na hEorpa. Chuireamar deasc chabhrach náisiúnta ar fáil maidir le REACH agus CLP. Thugamar freagra ar 213 ceist faoi REACH agus 107 ceist faoi CLP ó lucht tionscal agus ó dhaoine eile, mar aon le freagraí ar réimse leathan saincheisteanna ceimiceacha a bhain le glantaigh, agus le honnmhairiú agus allmhairiú, srl. Cuireadh tús le dhá fheachtas feasachta; bhain ceann amháin le hullmhú don spriocdháta i mí na Bealtaine 2013 chun substaintí a chlárú agus bhain an ceann eile leis na céad spriocdhátaí in 2013 maidir le hiarratais i gcomhair na substaintí sin a gcaithfear a údarú.

Tionscadal mór a chuireadh i gcrích in 2012 ab ea forbairt straitéis an Údaráis don tréimhse 2013 - 2015. Ullmhaíonn an straitéis an tÚdarás le haghaidh a phríomhról ríthábhachtach maidir le húsáid ceimicí ar bhealach sábháilte agus lena cinntiú go mbeidh ionaid oibre na tíre slán sábháilte. Lena chois sin tiomnaíonn an straitéis an Údarás é féin do reachtaíocht a bheith spriocdhírithe go maith, bunaithe ar riosca agus nach gcuirfidh ualaí neamhriachtanacha ar lucht gnó.

D’oibrigh an fhoireann agus an lucht bainistíochta le chéile chun spriocanna an Rialtais a bhaint amach maidir le tabhairt isteach cleachtas nua agus nuálach oibre, agus dúshlán mór a shárú maidir le chlár oibre a chur i bhfeidhm nuair atá níos lú daoine againn lena dhéanamh agus ár mbuiséad oibriúcháin laghdaithe. D’éirigh linn thart faoi €0.7 milliún a spáráil agus cuireadh é sin in iúl don Rialtas.

# Ról an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta

Is é an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta an comhlacht reachtúil náisiúnta atá freagrach as forfheidhmiú an dlí sábháilteachta agus sláinte ceirde, cosc timpistí a chur chun cinn agus a spreagadh, agus eolas agus comhairle a sholáthar do gach cuideachta, eagraíocht agus do dhaoine aonair. Is é an tÚdarás an tÚdarás Inniúil náisiúnta freisin maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) agus maidir le reachtaíocht ceimiceán eile. Déileálann an tÚdarás le hionaid oibre de gach méid i ngach earnáil eacnamaíoch.

Is é an Bord, le faomhadh an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta a cheapann straitéis agus beartais an Údaráis. Treoraíonn Foireann an Fheidhmeannais cur chun feidhme na gclár bliantúil oibre sa chaoi go mbeidh siad ag teacht le freagrachtaí reachtúla an Údaráis agus leis na beartais atá leagtha amach ag an mBord.

Thug an tÚdarás gealltanas ina Ráiteas Straitéise 2010-2012 do bhaint amach sé chuspóir:

A. A chur ar chumas fostóirí, fostaithe agus lucht dualgais eile na priacail i leith sábháilteachta, sláinte agus leasa a laghdú.

B. Daoine a spreagadh agus gealltanais a fháil uathu go mbeidh láithreacha slána sláintiúla oibre acu, rud a chuirfidh rath ar gach fiontar.

C. Tacú leis an Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta maidir le reachtaíocht agus beartais oiriúnacha a thionscnamh agus a fhorbairt.

D. Iad siúd a dhéanann faillí ina gcuid dualgas agus freagrachtaí maidir le sábháilteacht sláinte agus leasa cheirde a choinneáil cuntasach.

E. Bealaí a chur chun cinn chun ceimiceáin a bhainistiú go sábháilte, inbhuanaithe.

F. Féachaint chuige go mbeidh an tÚdarás éifeachtach agus é ag cur a chuid cuspóirí i gcrích agus go gcinnteoidh sé luach ar airgead.

Leanadh ar aghaidh i gclár oibre na bliana 2012 le cur i bhfeidhm réimse gníomhaíochtaí chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Tugtar cuntas sa tuarascáil seo ar na príomhrudaí a bhain an tÚdarás amach i ngach clár oibre in 2012.

# Bord an Údaráis

Is é an Bord a chinneann beartas oibriúcháin an Údaráis. Bíonn cathaoirleach ar an mBord mar aon le haon chomhalta déag eile a cheapann an tAire: Ceapann an tAire comhaltaí atá ainmnithe ag eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar ghrúpaí leasmhara a bhíonn ag plé le sábháilteacht agus sláinte cheirde, lena n-áirítear fostaithe, fostóirí agus comhlachtaí eile. Ceaptar iad i gcomhair téarma trí bliana i gcáil pháirtaimseartha.

Ba é an tUasal Dara Calleary, TD, a bhí ina Aire Gnóthaí Saothair agus Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí ag an am a cheap Bord reatha an Údaráis i mí na Nollag 2010.

**Cathaoirleach**

Michael Horgan, a bhíodh ina Phríomhfheidhmeannach ar Choláiste Ríoga na Máinlia

**Ionadaithe na bhFostóirí**

George Brett, Stiúrthóir, Comhshaol, Sláinte agus Sábháilteacht agus Inbhuanaitheacht na hEorpa, ag Bausch agus Lomb

Marian Byron (Leas-Chathaoirleach), Stiúrthóir, Grúpa Táirgí agus Seirbhísí Tionscail, Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC)

Dermot Carey, Ceannaire Seirbhísí Sláinte, Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta (CIF)

**Ionadaithe na bhFostaithe**

Eamon Devoy, Ard-Rúnaí, An Cheardchumainn Innealtóireachta Teicniúla agus Leictreachais (TEEU)

Esther Lynch, Gnóthaí Dlíthiúla agus Sóisialta, Comhdháil na gCeardchumann (ICTU)

Dessie Robinson, Ard-Rúnaí Cúnta, Ceardchumann Rialtas Áitiúil, Sheirbhís Phoiblí agus Státseirbhís na hÉireann (IMPACT)

**Ainmnithe de chuid an Aire**

Mary Bohan

John Byrne

Des Mahon

Dan O Connell

Francis Rochford, An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta (go Feabhra 2012)

John Newham, An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta (ó Aibreán 2012)

**Comhalta an Bhoird Líon na gCruinnuithe (as 9) ar freastalaíodh orthu**

| | |
|---|---|
| Michael Horgan | 9 |
| George Brett | 8 |
| Marion Byron | 8 |
| Dermot Carey | 8 |
| Eamon Devoy | 6 |
| Esther Lynch | 8 |
| Dessie Robinson | 9 |
| Mary Bohan | 8 |
| John Byrne | 6 |
| Des Mahon | 8 |
| Dan O'Connell | 9 |
| Francis Rochford | 1 (as 2) |
| John Newham | 4 (as 7) |



AN TÚDARÁS SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA

## Cathaoirleach



**Michael Horgan**
a bhíodh ina Phríomhfheidh-meannach ar Choláiste Ríoga na Máinlia

## Ionadaithe na bhFostóirí



**George Brett**
Stiúrthóir, Comhshaol, Sláinte agus Sábháilteacht agus Inbhuanaitheacht na hEorpa, ag Bausch agus Lomb



**Marian Byron**
Marian Byron (Leas-Chathaoirleach), Stiúrthóir, Grúpa Táirgí agus Seirbhísí Tionscail, Cónaidhm Ghn-ólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC)



**Dermot Carey**
Dermot Carey, Ceannaire Seirbhísí Sláinte, Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta (CIF)

## Ionadaithe na bhFostaithe



**Eamon Devoy**
Ard-Rúnaí, An Cheardchu-mainn Innealtóireachta Teicniúla agus Leictreachais (TEEU)



**Esther Lynch**
Gnóthaí Dlíthiúla agus Sóisialta, Comhdháil na gCeardchumann (ICTU)



**Dessie Robinson**
Ard-Rúnaí Cúnta, Ceardchu-mann Rialtas Áitiúil, Sheirbhís Phoiblí agus Státseirbhís na hÉireann (IMPACT)

## Ainmnithe de chuid an Aire



**Mary Bohan**



**John Byrne**



**Des Mahon**



**Francis Rochford**
An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta



**Dan O Connell**

# Feidhmeannas an Údaráis

Fostaíonn an tÚdarás cigirí, speisialtóirí gairmiúla, riarthóirí agus foireann cléireachais. Bhain an tÚdarás amach an sprioc maidir lena líon foirne a bhí leagtha síos sa Chreat Rialaithe Fostaíochta ag deireadh 2012 nuair a bhí 170 fostaí aige.

Bainistíonn an Príomhfheidhmeannach cur chun feidhme straitéise ag teacht le freagrachtaí reachtúla an Údaráis agus leis na beartais atá leagtha amach ag an mBord. Tá an eagraíocht roinnte ina ceithre rannóg agus Príomhfheidhmeannach Cúnta i gceannas ar gach ceann díobh mar seo a leanas:

POF
Martin O'Halloran



Leas-Phríomhfheidhmeannach
Comhlíonadh agus Comhairle
Brian Higgisson



Leas-Phríomhfheidhmeannach
Seirbhísí Gnó Ceimiceán
Sharon McGuinness



Leas-Phríomhfheidhmeannach
Seirbhísí um Chosc
Mary Dorgan



Leas-Phríomhfheidhmeannach
Seirbhísí Corparáideacha
Robert Roe



# Rudaí a baineadh amach in 2012 – Comhlíonadh san Ionad Oibre agus Clár Comhairle

Dhírigh an tÚdarás a chuid iniúchtaí ar na hearnálacha sin ar aithníodh go raibh na priacail is mó ag baint leo agus a raibh fianaise faighte go raibh leibhéal íseal comhlíonta iontu. Dírímid ár gclár iniúchta, faoi mar a dhíríomar é sna blianta atá thart lena chinntiú go dtugann an córas cigireachta tacaíocht d'fhostóirí atá tiomanta d'ionaid sláintiúla agus sábháilte oibre a chinntiú. Sé mar aidhm againn oideachas a chur ar fhostóirí, ar fhostaithe agus ar lucht dualgais eile agus iad a spreagadh le go dtuigfidh siad a gcuid freagrachtaí agus go ngníomhóidh siad dá réir.

**"Tá sé mar aidhm ag ár gclár iniúchta a chinntiú go dtugtar tacaíocht tríd an bpróiseas cigireachta d'fhostóirí atá tiomanta d'ionaid oibre sláintiúil agus sábháilte a chinntiú"**

Rinneamar 11,029 cigireacht san iomlán mar aon le 1,408 imscrúdú i 2012 faoin reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta ceirde. Bhí sé sin beagnach 5% níos airde ná an sprioc a leagadh síos dár gclár imscrúdaithe agus cigireachta.

Táscaire tábhachtach maidir le tiomantas i leith sláinte agus sábháilteachta is ea go mbeadh leas á bhaint as córais ghníomhacha agus éifeachtacha chun sláinte agus sábháilteacht a bhainistiú agus guaiseacha aitheanta san ionad oibre a rialú. Ceann de na príomhrudaí a ndírítear orthu i gcónaí le linn iniúchtaí is ea cur i bhfeidhm an chórais san ionad oibre. Is iad seo a leanas táscairí maidir le leibhéil chomhlíonta na gcóras sin i ngach earnáil:

- Bhí ráiteas sábháilteachta ullmhaithe agus ar fáil san ionad oibre ag 71% de na háiteanna oibre a ndearnadh iniúchadh orthu. Ba iad na fostóirí féin a d'ullmhaigh 73% díobh sin.
- Bhí ardleibhéal feasachta (87%) le sonrú i measc lucht bainistíochta shinsearaigh faoi na dualgais atá orthu faoin faoin reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta.
- Bhí córais ar fáil i 92% de na hionaid oibre trína bhféadfar dul i gcomhairle leis na fostaithe (nuair is ábhartha).
- Faoi mar a tharla in 2011, thug 9% de na fostóirí le fios gur tharla timpiste intuairiscithe san 12 mhí roimhe sin agus chuir 56% de na fostóirí in iúl gur sheol siad tuairisc chuig an Údarás faoin teagmhas. Ba mhéadú 16% é sin ar fhigiúr na bliana 2011.

Rinne cigirí measúnú ar 40% de na ráitis sábháilteachta a bhí ar fáil. Díol suntais é an chaoi go raibh 4% de na ráitis sábháilteachta a ndearnadh measúnú orthu ullmhaithe trí leas a bhaint as an uirlis BeSMART a chuir an tÚdarás ar fáil le cuidiú le gnóthaí beaga córais bhainistithe sláinte agus sábháilteachta san ionad oibre a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Ba léir ó mheasúnú foriomlán a rinneadh ar chaighdeán na ráiteas sábháilteachta go raibh leibhéil mhaithe ó thaobh comhlíonta iontu maidir le haithint na nguaiseacha ábhartha, go ndearnadh measúnú ar priacail a bhain go sonrach le hobair, gur aithníodh bearta rialaithe oiriúnacha agus gur leithdháileadh acmhainní le déileáil leo agus gur ceapadh daoine a bheadh freagrach astu.

Lean an tÚdarás ar aghaidh ag tacú leo siúd a léiríonn tiomantas do bhainistiú sláinte agus sábháilteachta ina n-ionaid oibre, ach bhaineann sé leas as bearta foirmiúla forfheidhmiúcháin nuair is gá. De thoradh an chur chuige seo tugadh comhairle ó bhéal i 30% de na hidirghabhálacha a rinneadh san ionad oibre (iniúchtaí agus imscrúduithe). Tugadh comhairle i scríbhinn freisin i gcás 40% de na hidirghabhálacha don fhostóir nó don mhaor a bhí freagrach. Cuid lárnach de chur chuige tacaíochta an Údaráis is ea faisnéis agus treoir a sholáthar d'fhostóirí agus do mhaoir fhreagracha eile agus iad a spreagadh chun leas a bhaint as an réimse ábhar agus uirlisí atá forbartha ag an Údarás.

Cuireadh bearta foirmiúla forfheidhmiúcháin i bhfeidhm i gcás 6% de na hidirghabhálacha. Eisíodh 508 Fógra Feabhsúcháin a chuir de cheangal ar na fostóirí deireadh a chur le sáruithe forálacha reachtúla. Eisíodh 356 Fógra Toirmisc san iomlán a chuir stop le gníomhaíochtaí a raibh baol ag baint leo, nó gur dócha go mbeadh baol ag baint leo, nó go ndéanfaí díobháil

thromchúiseach phearsanta do dhuine ar bith. Lena chois sin measadh go raibh na caighdeáin sábháilteachta i sé ionad oibre chomh holc sin go raibh sé riachtanach dúnadh comhaontaithe a éileamh. Gearradh 64 fíneáil an an láthair faoi na Rialacháin maidir le hIompar Substaintí Guaiseacha. Is é ionchúiseamh an pionós deiridh agus rinneadh é sin i 20 cás: Tionscnaíodh 7 gcinn acu go hachomair agus 13 cinn ar díotáil (féach na sonraí in Aguisín B). Cuireadh 29 comhad breise ar aghaidh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí chun treoir a fháil. Gearradh €425,000 san iomlán mar fhíneálacha sna hionchúisimh rathúla agus gearradh téarma príosúnachta 18 mí ar dhuine amháin cé gur cuireadh ar fionraí é.

**"Gearradh €425,000 san iomlán mar fhíneálacha sna hionchúisimh rathúla agus gearradh téarma príosúnachta 18 mí ar dhuine amháin cé gur cuireadh ar fionraí é"**

Cuireadh tús in 2012 le suirbhé ar líne ar fhostóirí a ndearna an tÚdarás cigireacht orthu. Ghlac na fostóirí páirt sa tsuirbhé ar bhonn deonach agus gealladh dóibh nach luafaí a n-ainmneacha. D'eisigh an tÚdarás 2,483 suirbhé agus freagraíodh 33% acu. Bhí an leibhéal freagraí ab airde le fáil ó fhostóirí sna hearnálacha tógála, déantúsaíochta agus talmhaíochta. Ar na príomhthorthaí bhí:

- D'aontaigh breis is 97% 'go láidir' nó 'd'aontaigh siad cuid maith' le toradh an iniúchta, agus d'aontaigh 69% acu leis go láidir.
- Thuairiscigh 83% de na freagróirí trí mhí tar éis an iniúchta go raibh siad tar éis moltaí an chigire a chur 'i bhfeidhm go hiomlán' nó go raibh 'thart faoi trí cheathrú' den mholadh nó de na moltaí curtha i bhfeidhm acu agus thuairiscigh 62% acu go raibh siad tar éis iad a chur i bhfeidhm go hiomlán.
- Thug 90% de na freagróirí le fios go raibh tionchar 'an-dearfach' nó tionchar 'measartha dearfach' ag an bpróiseas cigireachta.
- Thug 75% de na freagróirí le fios nach raibh tionchar ag na cúrsaí eacnamaíocha reatha ar an tosaíocht a bhí á tabhairt do shláinte agus do shábháilteacht ina n-eagraíochtaí.

Leanfar ar aghaidh leis an measúnú seo ar éifeachtúlacht na gcigireachtaí in 2013.

### Achoimre ar an gclár cigireachta

Tá na leibhéil cigireachta agus forfheidhmiúcháin de réir earnála le fáil in Aguisín A.

Leanadh ar aghaidh ag díriú ar an earnáil **talmhaíochta** agus rinneadh 3,136 iniúchadh feirme. Tugadh comhairle maidir le sábháilteacht leanaí nó daoine scothaosta i gcas 50% de na cigireachtaí feirme, nuair a bhí sé sin ábhartha. Cuireadh feabhas ar na háiseanna ginearálta chun ainmhithe a láimhseáil. Is iad láimhseáil sciodair, sábháilteacht tarracóirí agus innealra na réimsí is mó imní i gcónaí. Cuireadh 78 beart foirmiúil forfheidhmiúcháin i gcrích a bhain le cúrsaí sciodair agus 148 a bhain le tarracóirí agus innealra. Bhí ráiteas nó cód sábháilteachta ullmhaithe ar 62% de na feirmeacha a ndearnadh cigireacht orthu agus ba iad na feirmeoirí féin a d'ullmhaigh 88% acu. Tuigeann 80% de na feirmeoirí an dualgas atá orthu maidir le feirm shábháilte a bheith acu. Is é an rud a thugann na cigirí faoi ndeara i gcónaí ná cé go mbíonn na caighdeáin maidir le ráitis sábháilteachta nó cóid chleachtais sásúil, tríd is tríd, chun na priacail ar an bhfeirm a rialú, mar sin féin níl na rialacháin a aithníodh á gcur i bhfeidhm ach i 76% de na cásanna agus níl ach 61% de na hacmhainní atá riachtanach á gcur ar fáil. Tá an cur chuige seo bunaithe ar chomhpháirtíocht agus is gné lárnach é i gcónaí agus muid ag plé leis an earnáil seo. Thacaigh na cigirí leis in 2012 trí naoi dtaispeántas agus siúlóid amuigh faoin aer a eagrú agus thug siad deich léacht faoi chúrsaí feirme.

Tugadh faoi deara go raibh méadú ar an ráta básanna san earnáil **tógála** i 2012. Tá na cigirí ag díriú ar áiteanna oibre ina bhfuil an fostóir féinfhostaithe (15%) nó ina bhfuil idir duine agus deichniúr fostaithe (60%). Bhí ráiteas sábháilteachta nó cód cleachtais ar fáil i 77% de na láithreáin, rud a bhí ag teacht le torthaí na bliana 2011. Ba iad na fostóirí a d'ullmhaigh 63% díobh. Bhí ráta íseal comhlíonta ann maidir leis an dualgas atá ann fógra a thabhairt don Údarás faoi thimpistí intuairiscithe. Níor tuairiscíodh ach 37% acu. Is réimse é seo a leanfar ar aghaidh ag díriú air le linn cigireachtaí amach anseo. Tugtar le fios i gcónaí sa measúnaithe a dhéantar ar ráitis sábháilteachta nó ar chóid chleachtais maidir le láithreáin oibre go mbíonn caighdeán maith iontu maidir le guaiseacha a aithint agus bealaí a aithint lena rialú. Tugadh comhairle faoi dhoiciméadacht sábháilteachta i 59% de na cigireachtaí. Cuireadh feachtas seachtaine a bhain leis an earnáil tógála ar siúl i mí an Mheithimh. Rinneadh 249 iniúchadh ar láithreáin oibre agus díríodh ar shaincheisteanna a bhain le bheith ag obair ar airde.

Ghlac an tÚdarás páirt sa Ghrúpa Comhairleach ar Fhorbairtí **Tithíochta Neamhchríochnaithe** agus dá thoradh sin tá an tÚdarás tiomanta do iniúchadh a dhéanamh ar thart ar 1,200 láithreán de chatagóir 3 a aithníodh sa Suirbhé Náisiúnta um Fhorbairt Tithíochta 2010. Rinneadh iniúchadh in 2011 ar láithreáin de chatagóir 4. Ba iad sin na láithreáin ba mheasa ó thaobh sábháilteachta poiblí nó sábháil-

teachta ar an láithreán. Is é cuspóir na n-iniúchtaí ná a fháil amach an bhfuil aon mhaoir iontu atá freagrach as reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta agus, nuair is oiriúnach, treoracha a eisiúint go ndéanfar na hoibreacha is gá lena chinntiú go mbeidh an láithreán sábháilte. Nuair a aithnítear nach bhfuil aon mhaor ann agus nach ionad oibre an fhorbairt tithíochta a thuilleadh cuireann an tÚdarás é sin in iúl do cibé údarás áitiúil atá freagrach. Cuireadh tús leis an gclár i mí Iúil 2012 agus rinneadh cigireacht ar thart ar 700 láithreán de chatagóir 3 faoi dheireadh na bliana 2012. Aithníodh maoir i 29% de na cigireachtaí ach chinneadh nach raibh ach 13% de na láithreáin ina n-ionaid oibre. De thoradh ár rannpháirtíochta leis na maoir a aithníodh cuireadh oibreacha feabhsúcháin ar siúl in 210 gcinn de na láithreáin tithíochta nár críochnaíodh.

Ós muidne an tÚdarás Inniúil ainmnithe rinneamar réimse iniúchtaí maidir le **hiompar agus stóráil substaintí contúirteacha**. Rinneadh 399 cigireacht ar thaobh an bhóthair i gcomhar leis an nGarda Síochána ar fheithiclí a bhí ag iompar earraí contúirteacha. Cuid de sheicphointí ilghníomhaireachta ab ea iad sin agus measadh go raibh 77% de na feithiclí a stopadh ag comhlíonadh na reachtaíochta ábhartha. Tugadh rabhadh i gcás 56% de na feithiclí nach raibh ag géilleadh don reachtaíocht agus gearradh fíneálacha ar 40% acu. Ina theannta sin, stopadh 329 feithicil eile le seiceáil ar an láthair an raibh siad ag iompar substaintí contúirteacha fiú mura raibh an fheithicil aitheanta mar fheithicil den sórt sin. Rinneadh measúnú ar 120 áitreabh breise le seiceáil an raibh comhairleoir sábháilteachta maidir le hearraí contúirteacha ceaptha iontu. Ní raibh aon duine oiriúnach ceaptha ag breis is 40% acu. Rinneadh cigireacht ar 114 stóras príobháideach miondíola peitriliam freisin.

Díríodh ar réimse gníomhaíochtaí san earnáil **bainistíochta dramhaíola**. Ní mór a lua gur bhásaigh beirt eile san earnáil sin in 2012. Cuireadh 235 idirghabháil i gcrích agus bhain siad le bailiú dramhaíola neamh-ghuaisí, aisghabháil ábhar sórtáilte, gníomhaíochtaí feabhsúcháin agus seirbhísí eile um bainistiú dramhaíola. Ní raibh aon ráiteas sábháilteachta ar fáil nuair a rinneadh 45% de na cigireachtaí. Thug os cionn 30% de na fostóirí le fios gur tharla timpiste intuairiscithe sa 12 mhí roimhe sin. Ní raibh ionadaithe sábháilteachta cheaptha ach amháin i 13% de na hionaid oibre. Léiríonn na torthaí faoin earnáil gur gá leanúint ar aghaidh ag díriú uirthi.

Rinneadh 135 iniúchadh ar an earnáil **foraoiseachta** ag féachaint ar ceapadh daoine chun róil thábhachtacha a chomhlíonadh faoi mar a éilíonn an Cód Cleachtais um Bainistiú Sábháilteachta agus Sláinte in Oibríochtaí Foraoiseachta. Bhí ardleibhéal comhlíonta le ceapacháin do na róil sin agus níor ghá aon bheart a dhéanamh i bhformhór na gcásanna. Sa chaoi chéanna, bhí ardleibhéal comhlíonta le sonrú san earnáil maidir le bearta um shábháilteacht innealra agus oiliúint oibrithe.

Rinneadh 43 imscrúdú agus 249 iniúchadh san earnáil **mianadóireachta agus cairéalachta**. Bhí ráta ard ann maidir le comhlíonadh an cheanglais go mbeadh ráiteas sábháilteachta acu agus bhí caighdeán ard ag na cinn a ndearnadh measúnú orthu. Tugadh faoi ndeara, áfach, nár seoladh tuairisc ach faoi 14% de na timpistí intuairiscithe.

Críochnaíodh 781 iniúchadh san earnáil **déantúsaíochta**. Bhí an caighdeán maidir le comhlíonadh ar aon dul le caighdeán na bliana 2011.

Léiríodh arís sna cigireachtaí a rinneadh san earnáil **riaracháin phoiblí** go bhfuil leibhéil arda ann maidir le comhlíonadh an cheanglais go mbeadh córais bhainistíochta sábháilteachta agus sláinte acu.

**"De thoradh ár rannpháirtíochta leis na maoir a aithníodh cuireadh oibreacha feabhsúcháin ar siúl in 210 gcinn de na láithreáin tithíochta nár críochnaíodh"**

Leagamar béim níos lú ar iniúchtaí san earnáil **oideachais** tar éis dúinn roinnt blianta a chaitheamh nuair a bhí gníomhaíocht bhreise ar siúl againn mar aon le cur chun cinn ár dTreoirlínte maidir le Bainistiú Sábháilteachta agus Sláinte in Iar-bhunscoileanna. Rinneadh 138 iniúchadh san iomlán san earnáil agus rinneadh 46 díobh sin i scoileanna iar-bhunscoile.

Rinneamar 370 cigireacht san earnáil **Cúram Sláinte** mar chuid den ghníomhaíocht atá beartaithe don cheathrú bliain de phlean cúig bliana an Údaráis agus rinneadh 65 imscrúdú breise in 2012. Clúdaíonn cigireachtaí san earnáil sin réimse leathan ghníomhaíochtaí ó liachleachtóirí ginearálta go tithe altranais agus áiseanna ospidéil. Léiríonn na torthaí a fuaireamar gurb í seo an earnáil is airde maidir le ceapadh ionadaithe agus iad ceaptha ag 57% acu. Thug 28% de na hionaid oibre le fios gur tharla timpiste intuairiscithe iontu le 12 mhí anuas agus bhí ráta 85% acu maidir le fógra a thabhairt don Údarás fúthu. Cé go bhfuil leibhéal ard comhlíonta ann maidir le hullmhú na ráiteas sábháilteachta, nuair a rinneamar measúnú níos grinne fuaireamar amach nach raibh 22% díobh sin bunaithe ar mheasúnuithe rioscaí a bhain go sonrach leis an ionad oibre.

Tugadh aghaidh ar bhainistiú cúrsaí sábháilteachta a bhaineann le **hiompar** nuair a rinneadh 1,877 cigireacht ar ionaid oibre shonracha. Tríd is tríd cuireadh sábháilteacht cúrsaí iompair san áireamh sa

measúnacht a rinneadh ar rioscaí (75%), bhí córais bhainistíochta tráchta curtha i bhfeidhm agus chonaic na cigirí go raibh córais shábháilte oibre ann maidir le luchtú agus chothabháil feithiclí.

Lorgaíodh fianaise i 1,466 iniúchadh go raibh **láimhsiú** san áireamh mar chuid den mheasúnú riosca. I 34% de na cásanna ní raibh aon fhianaise ar fáil i scríbhinn go raibh measúnú riosca déanta le haghaidh tascanna oibre faoi leith. Sna cásanna ina raibh measúnú déanta ní raibh tosca riosca ábhartha curtha san áireamh ach i 51% acu agus níor shonraigh níos mó ná 40% bearta rialaithe oiriúnacha. Bhí oiliúint láimhseála curtha ar fáil i 57% de na cásanna ag teagascóirí FETAC leibhéal 6.

Tugadh aghaidh ar an tsaincheist shonrach maidir le **láimhseáil othar** i 242 cigireacht. Fuair na cigirí ardleibhéal comhlíonta (92%) maidir leis an gceanglas go mbeadh measúnú riosca ar fáil i scríbhinn. Bhí fianaise ann gur cuireadh san áireamh freisin sna measúnaithe saincheisteanna mar shoghluaisteacht othar, gur chuir teagascóirí FETAC leibhéal 6 87% den oiliúint ar fáil agus gur bain an oiliúint go sonrach leis an gcineál ardaithe a bheadh ag teastáil.

Tugadh aghaidh ar bhainistiú **sciorrthaí, tuislithe agus titim** in 3,597 iniúchadh. Tugadh faoi ndeara nósanna imeachta chun díriú ar dhoirteadh agus leas a bhaint as mataí urlár chun an baol ó sciorrthaí, tuislithe agus titim a laghdú i 78% agus 65% de na hionaid oibre sin faoi seach.

**"Cuireadh feachtas sonrach cigireachta i bhfeidhm chun leibhéil maidir le chothabháil agus deimhniúcháin ardaitheoirí a chinntiú in 2012"**

Rinneadh iniúchadh in 607 cigireacht ag féachaint an raibh bheartais agus nósanna imeachta ann chun rialú a dhéanamh ar **bhulaíocht** san ionad oibre. Dearbhaíodh in 87% de na hiniúchtaí sin go raibh beartais frithbhulaíochta ceaptha. Bhí sainmhíniú ar bhulaíocht curtha ar fáil in 91% de na beartais sin chomh maith le nósanna imeachta maidir le himscrúduithe agus meicníochtaí achomhairc.

Chomh maith leis an gclár sonrach cigireachta ar **cheimiceáin**, rinneadh iniúchadh ar 344 láthair oibre faoi úsáid ceimiceán agus ceimiceáin a bheith ar fáil iontu. Cuireadh ábhair imní a fuarthas in 13% de na hionaid oibre sin ar aghaidh chuig an aonad um Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srian ar Cheimiceáin agus chuig an aonad um Shláinteachas Oibre laistigh den Údarás.

Ina theannta sin tugadh aghaidh ar réimse ábhar eile, nuair ab iomchuí, i gcigireachtaí sonracha:

- Scrúdaíodh **Fearais leictreacha** le linn 758 cigireacht, agus rinneadh é sin go príomha le fáil amach stádas tástála nó deimhnithe an phríomhfhearais leictrigh san ionad oibre. De thoradh na n-iniúchtaí sin ba ghá tástáil nó deimhniú breise nó tástáil nó deimhniú iomlán a dhéanamh i 16% de na hionaid oibre.
- Díríodh den chéad uair ar **fhoréigean agus ar fhorrántacht a bhaineann le cúrsaí oibre** in 2012 agus bhí siad sin mar ghné de 452 cigireacht, go príomha sna hearnálacha mórdhíola, miondíola agus cúraim sláinte. Bhí aghaidh aghaidh tugtha ag 75% de na hionaid oibre ar an tsaincheist sin ina gcuid measúnuithe riosca. Sna cásanna sin bhí bearta rialaithe leordhóthanacha aitheanta ag an chuid ba mhó acu (84%) don áit oibre.
- Tugadh faoi 213 cigireacht um **fhaireachas margaidh**. Cigireachtaí réamhghníomhacha ab ea 204 acu sin. Bhain an chuid ba mó díobh sin le hinnealra, le hardaitheoirí agus le geataí a osclaítear is a dhúntar le hinnealra. Bhain 57% de na cigireachtaí leis an monaróir agus díríodh ar an úsáideoir i 33% eile díobh. Cuireadh bearta forfheidhmiúcháin i bhfeidhm i 19% de na cásanna. Cuireadh feachtas sonrach cigireachta i bhfeidhm chun leibhéil maidir le chothabháil agus deimhniúcháin ardaitheoirí a chinntiú in 2012. Fuarthas go raibh conradh cothabhála déanta faoin chuid ba mhó de na ardaitheoirí (97%). Mar sin féin ní raibh deimhnithe faoi scrúduithe críochnúla ar fáil i gcás 48% de na hardaitheoirí agus ní raibh 17% de na fostóirí ar an eolas faoin riachtanas sin. Ar bhunús na dtorthaí tosaigh sin leathnóimid amach ár iniúchtaí in 2013.

Rinneadh 1,408 **imscrúdú** in 2012 (gan imscrúduithe faoin reachtaíocht ceimiceáin a chur san áireamh) agus bhí imscrúduithe ar an 47 tionóisc mharfach a raibh baint acu le cúrsaí oibre san áireamh sna himscrúduithe sin. Tuairiscíodh an 48ú tionóisc mharfach a bhain le cúrsaí oibre in 2012 don Údarás in 2013. Lena chois sin rinneadh 2,878 gearán ar an gcéad dul síos leis an Aonad Teagmhála leis an Ionad Oibre agus seoladh 1,012 acusan ar aghaidh chuig an gcigireacht lena n-imscrúdú. Den 6,526 fógra timpiste a fuair an tÚdarás tugadh tosaíocht do 424 (6.5%) acu ó thaobh imscrúdú a dhéanamh orthu mar aon le 51 (49%) den 103 fógra faoi theagmhais chontúirteacha.

Tá a lán deiseanna ann le bheith ag **idirghníomhú le gníomhaireachtaí rialála eile** nuair a bhímid ag comhlíonadh ár róil forfheidhmiúcháin agus ag déanamh imscrúduithe ar sháruithe suntasacha na reachtaíochta nó timpistí san ionad oibre. Cé go n-aithnímid ár ról rialúcháin aithnímid freisin gur cheart go mbeadh nósanna imeachta ann chun comhoibriú idir gníomhaireachtaí a chinntiú. Chuige sin d'fhorbair an tÚdarás i níos mó ná fiche Meabhráin Tuisceana a ndéantar athbhreithniú orthu gach bliain agus a leathnaítear nuair is féidir. Rinne an tÚdarás comhaontú in 2012 faoi Mheabhrán Tuisceana leis an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte.

Tugadh stádas foirmiúil in 1995 do **Choiste na gCigirí Sinsearacha Saothair** (SLIC) faoi Chinneadh an Choimisiúin (95/319/CE) mar aon le sainordú a thuairim a thabhairt don Choimisiún, arna iarraidh sin ag an gCoimisiún nó ar a thionscnamh féin, maidir le gach fadhb a bhaineann le forfheidhmiú dlí an Chomhphobail maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair ag na Ballstáit. Thug an tÚdarás tacaíocht d'obair an choiste sin trí pháirt a ghlacadh i gcruinnithe iomlánacha agus i ngrúpaí bainteacha oibre, go háirithe an grúpa oibre a bhfuil sé de cúram orthu páipéar seasaimh a ullmhú faoi Straitéis Eorpach nua i leith Sláinte agus Sábháilteachta. Cuireadh cúnamh ar fáil do Ballstáit eile freisin tríd an Suíomh Eorpach um Chomhroinnt Eolais inar déileáladh le 38 fiosrú ó Bhallstáit eile. Ina theannta sin, thugamar faoi chlár cigireachtaí i ndáil le ceisteanna síceasóisialta mar chuid d'Fheachtas Síceasóisialta Eorpach atá á threorú ag an tSualainn.

**"Rinne an tÚdarás comhaontú leis an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte faoi Mheabhrán Tuisceana"**



AN TÚDARÁS SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA

# Rudaí a baineadh amach in 2012 - Clár Seirbhísí Coisctheacha

Agus muid ag obair le cuspóirí Straitéis an Údaráis 2010-2012 a bhaint amach, leanamar ar aghaidh lenár gclár maidir le forbairt agus soláthar uirlisí agus acmhainní d'fhostóirí, d'fhostaithe, do dhaoine féinfhostaithe agus do dhaoine eile chun feabhas a chur ar chúrsaí foriomlána maidir le sábháilteacht agus sláinte san ionad oibre. Tá míreanna leagtha amach in Aguisín C a meastar a bheith san áireamh inár gclár reachtaíochta agus a cuireadh i gcrích in 2012 nó a seoladh ar aghaidh lena gcur i gcrích go luath in 2013. Cuireadh roinnt tionscnamh nua coisctheacha maidir le guaiseacha i bhfeidhm in earnálacha móra in 2012.

Má tá rath le bheith ar straitéis choisctheach ní mór gníomhú go leanúnach chun feasacht a ardú agus ní mór na príomhtheachtaireachtaí a bhaineann le sábháilteacht agus sláinte san ionad oibre a dhíriú go háirithe ar earnálacha ardriosca. Tá sé seo sa bhreis ar an reachtaíochta nua a chur chun cinn agus treoir, faisnéis agus imeachtaí a sholáthar le tacú le fostóirí, fostaithe agus le daoine féinfhostaithe a ndualgais a chomhlíonadh, agus iarrachtaí a dhéanamh ar leibhéal an ionaid oibre le timpistí agus drochshláinte a chosc. Chaith an tÚdarás ar chuid mhór dá acmhainní in 2012 chun príomhtheachtaireachtaí a chur in iúl do dhaoine. Ar na hiarrachtaí a rinneadh bhí feachtas dian, neamhbhalbh, náisiúnta a bhí dírithe ar na daoine ar fad a bhíonn ag obair in earnáil na talmhaíochta agus imeachtaí spriocdhírithe áitiúla d'fhonn rochtain agus clárú ar ár n-uirlis ar líne do ghnólachtaí beaga, BeSMART, a chur chun cinn. D'éirigh leis an dá chur chuige daoine a spreagadh le freagra a thabhairt ach tá an obair ar siúl i gcónaí. Aithnímid gur céim thábhachtach í feasacht a spreagadh - bíodh is nach bhfuil ann ach an chéad chéim - maidir le baint amach ár gcuspóra chun tionóiscí agus drochshláinte a bhaineann leis an obair a laghdú.

**"Chaith an tÚdarás ar chuid mhór dá acmhainní in 2012 chun príomhtheachtaireachtaí a chur in iúl do dhaoine"**

Tá cuid mhaith dár n-obair coisctheach dírithe ar bheartas sláinte agus sábháilteachta agus ar fhreagraí teicniúla a sholáthar. Chuir na cigirí réimse cuimsitheach faisnéise agus treoracha ar fáil sna hearnálacha éagsúla faoi na príomhghuaiseacha. Is iondúil go mbíonn ar chigirí measúnú críochnúil a dhéanamh ar shaincheisteanna ábhartha, comhairliúchán forleathan a bheith acu le daoine eile, go mór mór le daoine lasmuigh den Údarás, agus gníomhú ina dhiaidh sin trí spriocanna a leagadh síos agus cláir a sholáthair do na réimsí sin. Is i gcomhar le heagraíochtaí comhpháirtíochta a chuireadh cuid mhaith dár gcuid oibre i gcrích toisc nach mbeadh sé indéanta an oiread sin oibre ardcháilíochta a dhéanamh gan cabhair ó dhaoine eile. Mar shampla, cuireadh réimse leathan oibre a bhain le beartais i gcrích i gcomhar le fochoistí de Bhord an Údaráis agus le páirtithe leasmhara seachtracha náisiúnta. Chuir a dtacaíochtsan lenár dteachtaireacht agus leis an tionchar a bhí aici. Tá aitheantas ar leith ag dul d'fhochoistí seo a leanas an Bhoird agus do choistí agus grúpaí stiúrtha eile:

- Coiste Comhairleach na Comhpháirtíochta um Shábháilteacht Feirme
- An Coiste Comhairleach Foirgníochta
- An Fochoiste Reachtaíochta agus Treorach
- An Grúpa um Oideachas Tríú Leibhéil
- An Chomhpháirtíocht um Shábháilteacht Foirgníochta (CSP)
- An Grúpa Stiúrtha um Chúram Sláinte
- An Coite Sábháilteachta um Fheithiclí a Bhaineann le hObair
- An Painéal Comhairliúcháin um Fheithiclí a Bhaineann le hObair
- An Grúpa Stiúrtha Duga (2012)
- An Coiste Stiúrtha um Chairéil

Bhíomar rannpháirteach go mion minic i gcoistí beartais agus i ngrúpaí oibre teicniúla ar an **leibhéal Eorpach** freisin. Ina measc siúd bhí Coiste Comhairleach an AE um Shábháilteacht agus Sláinte, grúpaí oibre lena n-áirítear an Bhuanmheitheal (comhiomláin); an Mheitheal Iascaireachta agus an Mheitheal um Iompar a Bhaineann leis an Obair. Rinneamar óstáil agus bhíomar mar chathaoirleach ar an gcruinniú ADCO ATEX (an grúpa um chomhoibriú riaracháin

le haghaidh na n-údarás um fhaireachas margaidh) in 2012 in Éirinn. Chuir an tÚdarás saineolaithe ar fáil freisin chun cúnamh a thabhairt maidir le neamhoird mhatánchnámharlaigh a bhaineann leis an obair agus maidir le réimsí leictreamaighnéadacha.

Bhí bliain gnóthach ag ár **bhFoireann Teagmhála** leis an Ionad Oibre agus rinne custaiméirí 26,125 teagmháil leo. Ba mhéadú 10% é sin ar fhigiúir 2011. Tá sé seo sa bhreis ar an 3347 teagmháil réamhghníomhach a rinneamar a raibh ról tábhachtach acu freisin maidir leis an teachtaireacht choisctheach a scaipeadh. Cuireann an fhoireann seirbhís luachmhar ar fáil dár gcliaint a bhaineann le gach tionscail agus a bhfuil fostóirí agus fostaithe araon ina measc. D'iarr an chuid ba mó de na glaoiteoirí (thart ar 65% acu) faisnéis maidir le gnéithe áirithe a bhaineann le sábháilteacht agus sláinte san ionad oibre. Rinne líon níos lú (thart ar 17%) teagmháil linn chun gearán a dhéanamh faoi shábháilteacht nó sláinte san ionad oibre. D'iarr an chuid eile freagraí tapa ar cheisteanna faoi leith. Rinneadh iniúchadh ar an aonad i mí na Nollag agus tugadh faomhadh dó maidir le creidiúnú an Customer Contact Association (CCA) a bheith aige fós. Caighdeán aitheanta do lárionad glaonna is ea é sin.

Seo achoimre ar na príomhrudaí a bhain ár n-aonaid beartais amach i rith 2012:

Lean ár dtionscnamh Ag Tabhairt Aire do Ghnóthais ar aghaidh ag cur réimse cuimsitheach thacaíochtaí ar fáil do ghnóthais bheaga - beaga. Cuireadh tús leis an tionscnamh sin i 2011 toisc gur ghá na hualaigh riaracháin ar ghnóthais bheaga a laghdú agus é a dhéanamh níos fusa dóibh a riachtanais a chomhlíonadh agus an leas ab fhearr a bhaint as na deiseanna a d'fhéadfadh bainistiú maith sábháilteachta agus sláinte a chur ar fáil. Chuir an uirlis ar líne um measúnú riosca, BeSMART, tacaíocht níos fearr ar fáil in 2012 toisc gur leathnaíodh na cineálacha gnó atá clúdaithe ag an gcóras, agus de bharr ceardlanna agus chur chun cinn saincheaptha a léirigh éifeachtúlacht an chórais sin agus toisc gur thug na húsáideoirí a bhí ann cheana féin moladh ó bhéil dó. Bhí beagnach 10,800 úsáideoir gnó cláraithe againn faoi dheireadh na bliana a bhí ag úsáid an chórais. Chun tuilleadh eolais a fháil mar bhonn taca dár gcur chuige i leith na ngnóthas beag, rinneadh taighde ar chostas na dtimpistí a bhain le gnóthais bheaga sna hearnálacha miondíola, seirbhísí agus fáilteachais. Tá an tuarascáil foilsithe agus cuidíonn sí linn dtuiscint a bheith againn ar nádúr na dtimpistí a tharlaíonn i ngnólachtaí beaga agus i micreaghnólachtaí tipiciúla agus an tionchar a bhíonn acu ar rath foriomlán agus bunlíne na ngnóthas.

Tá sé mar aidhm againn san obair a dhéanaimid maidir le cúrsaí **oideachais** ná cultúr dearfach a chruthú amach anseo maidir le sábháilteacht agus sláinte agus tá torthaí faighte againn ar díol suntais iad ó thaobh a dtionchar agus a réim. Ghlac an líon mac léinn iar-bhunscoile ab airde riamh páirt inár gclár Roghnaigh Sábháilteacht i rith na scoilbhliana 2011/2012. Chríochnaigh 18,000 mac léinn san idirbhliain agus sa chúigiú agus sa séú bliain an chlár. Ghlac níos mó ná 7,500 mac léinn bunscoile páirt go díograiseach sa chomórtas a d'eagraíomar chun póstaer Sábháilteachta Feirme a dhearadh. Bhuaigh foireann ó Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach tríú chomórtas bliantúil an Údaráis maidir le Sábháilteacht i nDearadh agus i bhFoirgníocht. Tá an comórtas sin dírithe ar mhic léinn atá i mbun cúrsaí tríú leibhéil a bhaineann le Foirgníocht. Chríochnaigh breis is 400 múinteoir agus príomhoide bunscoile ár gcúrsa samhraidh ar líne chun feasacht a spreagadh faoi shábháilteacht agus chun bainistiú sábháilteachta a chur chun cinn i scoileanna.
Reáchtáladh sé imeacht idirghníomhach 'Coinnigh Sábháilte' i Muineachán, An Móta, Luimneach, Dún na nGall (imeacht dúbailte) agus Ros Comáin agus bhí baint ag breis agus 600 leanbh bunscoile leo.

**"Ghlac an líon mac léinn iar-bhunscoile ab airde riamh páirt inár gclár Roghnaigh Sábháilteacht i rith na scoilbhliana 2011/2012"**

Rinneadh measúnú ar os cionn 1,000 tuarascáil faoi shuirbhéanna innealtóirí ar fhearas ardaithe agus brúthrealamh in 2012 sa réimse **innealtóireachta** dár gcuid oibre. Tugadh isteach córas cuimsitheach chun córais bhrú a bhainistiú nuair a síníodh Rialacháin nua maidir le brú isteach sa dlí. Rinneadh comhaontú faoi chód cleachtais nua maidir le craenacha túir (atá le foilsiú ag Gníomhaireacht um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann). Eagraíodh oiliúint do chigirí an Údaráis maidir le trealamh brú agus ardaitheoirí. Ghlac an tÚdarás le ról mar chomhordaitheoir náisiúnta an Chórais Faisnéise agus Cumarsáide um Fhaireachas Margaidh (ICSMS). Rinneadh comhordú ar obair thábhachtach maidir le faireachas margaidh an AE i ndáil le ardaitheoirí siosúrtha agus na caighdeáin nua atá beartaithe le haghaidh meaisíní den sórt sin.

Éacht ar leith i réimse na **talmhaíochta** in 2012 ab ea an feachtas comhtháite a reáchtálamar ar na meáin faoi shábháilteachta feirme. Craoladh fógraí grafacha faoi shábháilteacht roimh agus i ndiaidh an chláir teilifíse Ear to the Ground mar aon le fógraí diana, neamhbhalbha ar an raidió agus sna meáin clóite inar díríodh ar na hiarmhairtí millteacha a bhí ag timpistí a

tharla d'fheirmeoirí ar a bhfeirmeacha. Lena chois sin d'fhoilsíomar agus chuireamar chun cinn ár scéalta ar líne faoi Dhaoine ar Éirigh leo Teacht Slán agus bhí feachtas fada againn faoi shábháilteacht feirme sa chaoi gur nochtadh os cionn 100,000 tuairim ar líne agus gur tugadh aitheantas dúinn i ndámhachtainí náisiúnta. Rinne Coiste Comhairleach na Comhpháirtíochta um Shábháilteachta Feirme (FSPAC) dul chun cinn maidir leis an bPlean Gníomhaíochta um Shábháilteacht Feirme 2009-2012 tríd an obair a rinne a seacht ngrúpa oibre a lean ar aghaidh ag forbairt straitéisí chun treoracha a fheabhsú maidir le saincheisteanna criticiúla san earnáil. De thoradh na gComhthionscnamh a cuireadh i gcrích i gcomhar le Teagasc cuireadh an feachtas nuálaíoch Seaimpíní Sábháilteachta (Champions for Safety) ar fáil le haghaidh daltaí talmhaíochta agus leanadh ar aghaidh leis na cláir oiliúna faoi Chód Cleachtais um Shábháilteacht Feirme. Ó cuireadh bailchríoch ar thaighde faoi shláinte feirmeoirí cuireadh chomhdhálacha agus ceardlanna comhpháirteacha ar bun. De thoradh an chláir Meantóirí Sábháilteachta a sheol an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Simon Coveney TD, agus ar thacaigh an tÚdarás leis rinne Nasc Tuaithe na hÉireann iarracht go mbeadh feirmeoirí ina meantóirí ag feirmeoirí eile maidir le saincheisteanna sábháilteachta feirme.

**"Ullmhaíodh an clár An Introduction to Managing Health and Safety in Healthcare mar chéad chlár ríomhfhoghlama don earnáil seo"**

San earnáil **mianadóireachta agus cairéalaithe** bhí baint againn leis an gComhdháil Sábháilteachta Cairéalaithe Uile-Oileáin a eagraíodh i gcomhar lenár gcomhghleacaithe i bhFeidhmeannas Sláinte agus Sábháilteachta Thuaisceart Éireann (HSENI). Thug lucht an tionscail tacaíocht forleathan di agus bhí 180 ionadaí i láthair. Tionóladh Comórtas Tarrthála Mianaigh an hÉireann agus na Ríochta Aontaithe ag Mianaigh Shalainn Chill Ruaidh i gCarraig Fhearghais i dTuaisceart Éireann agus bhí sé cinn de na bhfoirne tarrthála mianach ab fhearr páirteach ann.

Bhí an clár oibre sa réimse **foirgníochta** dírithe go príomha ar chúrsaí reachtaíochta in 2012. Ullmhaíodh dhá leasú nua ar na Rialacháin Foirgníochta agus síníodh iad isteach sa dlí. Rinneadh athbhreithniú ar na Rialacháin Tógála ar fad ar ordachán ón Aire agus ceapadh dréacht-Rialacháin Tógála 2013 dá bharr chomh maith le roinnt dréacht-doiciméid treorach. Cuireadh tréimhse comhairliúcháin phoiblí ar siúl fúthu agus tosaíodh an próiseas athbhreithnithe ar na haighneachtaí go léir go déanach in 2012. Ar na gníomhaíochtaí eile a bhí ar siúl bhí an Chomhdháil Foirgníochta uile-oileáin a reáchtáladh i gcomhar le Feidhmeannas Sláinte agus Sábháilteachta Thuaisceart Éireann in Ard Mhacha i mí Dheireadh Fómhair. Chuireamar saineolas tógála ar fáil chun treoir a fhorbairt maidir le láimhsiú i gcúrsaí foirgníochta mar aon le tuilleadh treorach le haghaidh tascanna ar leith ar an ábhar seo agus thugamar cabhair maidir leis an gcomórtas Sábháilteacht i nDearadh agus i bhFoirgníocht a eagraíonn an tÚdarás do mhic léinn tríú leibhéil. Ghlacamar páirt sa Chomhpháirtíocht um Shábháilteacht Foirgníochta agus sa gclár gaolmhar oibre don ghrúpa sin agus chuamar i gcomhairle le ranna agus le gníomhaireachtaí ábhartha maidir le leanúnachas an Scéim Deimhnithe Scileanna Tógála agus pleanáil i gcomhair na scéime a thiocfaidh ina diaidh.

Tá an clár atá againn don earnáil **cúram sláinte** bunaithe ar phlean cúig bliana, agus cuireadh tríú bliana an phlean i bhfeidhm go rathúil in 2012. Forbraíodh agus foilsíodh clár bunaithe ar an ngréasán, *Occupational Hazards in Hospital Departments*. Tá cuntas imlíne le fáil ann ar na guaiseacha coitianta ceirde agus ar rioscaí bainteacha i ranna ospidéil a roghnaíodh agus tacaíonn sé leis an bpróiseas measúnaithe riosca. Ullmhaíodh *An Introduction to Managing Health and Safety in Healthcare* mar chéad chlár ríomhfhoghlama don earnáil sin. Tá sé dírithe ar bhainisteoirí ar gach leibhéal atá ag obair i gcúrsaí cúraim sláinte. Seoladh an chéad chomórtas do mhic léinn altranais tríú agus ceathrú leibhéal chun go mbeidh sláinte agus sábháilteacht ceirde ina ndlúthchuid de na gníomhaíochtaí cúraim a dhéanann siad gach lá. Is dócha go dtiocfaidh fás ar an dtionscnamh sna blianta atá le teacht faoi mar atá ag tarlú don chomórtas san earnáil foirgníochta atá bunaithe go maith anois. Táimid tar éis cuid faoi leith a fhorbairt ar ár láithreán gréasáin le tacú le gnólachtaí beaga san earnáil sláinte. Foilsíodh an Treoir *Health and Safety at Work in Residential Care Facilities* ar ár láithreán gréasáin chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sonracha a thagann chun cinn san earnáil sin. Foilsíodh treoir nua de chuid an AE le déanaí agus tá mórchuid oibre déanta ag an Údarás chun moltaí reachtacha a ullmhú chun gortuithe le hearraí géara a chosc sna seirbhísí cúraim sláinte. Leanaimid ar aghaidh ag obair i ndlúth-chomhpháirtíocht leis an earnáil chúram sláinte trí bhíthin ghrúpaí mar Grúpa Comhairleoirí Sláinte agus Sábháilteachta FSS agus Grúpa Stiúrtha Cúraim Sláinte an Údaráis. I réimsí a bhaineann le cúrsaí oibre tá saineolas curtha ar fáil ag an Údarás ar leibhéal an AE maidir le bhailchríoch a chur ar an Treoir faoi Réimsí Leictreamaighnéadacha agus tugadh tacaíocht theicniúil don Roinn maidir le rialacháin nua tumadóireachta atá á mbeartú.

Cuimsíonn ár gclár faoi **shábháilteacht feithiclí a bhaineann** le hobair rioscaí a bhaineann le feithiclí

i ngach earnáil. Tá an clár atá againn bunaithe ar phlean cúig bliana agus cuireadh dara bliana an phlean i bhfeidhm go rathúil in 2012. Tá ár gcuid oibre sa réimse seo níos éifeachtaí de thoradh an phlean sin agus toisc gur oibríomar i gcomhar leis na príomhghrúpaí atá ag déileáil le sábháilteacht feithiclí .i. an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus an Garda Síochána. Chuireamar bailchríoch in 2012 ar ghníomhaíochtaí lena n-áirítear tuilleadh forbartha a dhéanamh ar thacar mór acmhainní d'fhostóirí agus d'fhostaithe. Is féidir na hacmhainní sin a íoslódáil go héasca ón láithreán gréasáin. Áirítear leo sin físeáin faoi seicliosta laethúil do thiománaithe feithiclí earraí troma, busanna, carranna agus veaineanna; póstaer agus seicliosta air agus bileoga eolais faoi na réimsí sin mar aon le hábhair atá in úsáid anois nuair a bhíonn oiliúint á cur ar thiománaithe feithiclí earraí troma agus tiománaithe bus. Foilsíodh lámhleabhar do thiománaithe, *Safe Driving for Work*, agus forbraíodh céad chúrsa ríomhfhoghlama faoi shábháilteacht iompair san ionad oibre.

**"Tá ár gcuid oibre sa réimse seo níos éifeachtaí de thoradh an phlean sin agus toisc gur oibríomar i gcomhar leis na príomhghrúpaí atá ag déileáil le sábháilteacht feithiclí .i. an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus an Garda Síochána"**

Cuimsíonn an clár **sláinte cheirde** gach earnáil agus cuireann sé tacaíocht ar fáil faoi gach ábhar a bhaineann le sláinte cheirde agus cúrsaí leighis. Tá painéal ceaptha ar a bhfuil dochtúirí seachtracha a bhíonn ag plé le sláinte ceirde. Tacaíonn siad lenár gcuid oibre agus cuireann siad freagraí tráthúla ar fáil. Bíonn beirt speisialtóirí inmheánacha ó réimsí na síceolaíochta agus na heirgeanamaíochta ag tacú leis an gclár. Chuireamar bailchríoch in 2012 ar threoir faoi thopaicí éagsúla lena n-áirítear measúnú riosca faoi láimhsiú san earnáil déantúsaíochta, cúrsaí uan-oibre agus obair oíche agus bainistíocht neamhoird mhatánchnámharlaigh. Lena chois sin sholáthraíomar ionchur faoi shláinte ceirde chun treoir a fhorbairt maidir le láimhsiú san earnáil foirgníochta. Forbraíodh treoir maidir le sábháilteacht iompraíochta i gcomhpháirtíocht le roinnt eagraíochtaí seachtracha agus tá sí tugtha chomh fada le céim an dréachta deiridh. Tá an spéis atá á cur sa chlár *Work Positive* ag fás i gcónaí agus reáchtálamar seimineáir chun deá-bhainistíocht sláinte agus sláinte mheabhrach ag an obair a spreagadh. Chuireamar bearta i bhfeidhm chun líon na ndochtúirí Éireannacha sin a mhéadú a chuireann sonraí ar fáil faoi bhreoiteachtaí ceirde. Úsáidfear na sonraí i dtionscadal bailithe sonraí atá á reáchtáil ag Ollscoil Mhanchain. Tá na sonraí sin thar a bheith luachmhar agus ba mhór an tairbhe é dá gcuirfí níos mó freagraí ar fáil.



AN TÚDARÁS SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA

# Rudaí a baineadh amach in 2012 - Clár Seirbhísí do Ghnóthais Cheimiceacha

D'éirigh leis an Údarás a chuid dualgas mar Údarás Inniúil a chomhlíonadh trína clár maidir le monarú, úsáid agus iompar ceimiceán, agus trí chomhairle agus faisnéis a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara, trí chigireachtaí ar an láthair agus cigireachtaí ón oifig a chur i gcrích agus trí bhearta forfheidhmiúcháin a dhéanamh faoin réimse iomlán reachtaíochta, lena n-áirítear an tAcht Ceimiceán 2008. Cuireadh bac ar chumas an Údaráis a chlár iomlán REACH (Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán) agus a chlár CLP (Aicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú) a chur i gcrích in 2012 toisc go raibh acmhainní á gcailliúint againn i gcónaí agus gan tuilleadh á fháil ina n-áit. Dá thoradh sin bhí sé riachtanach i rith na bliana, tosaíochtaí nua a cheapadh do spriocanna REACH agus CLP agus b'éigin éirí as réimsí áirithe a chlúdach ar chor ar bith, mar shampla, b'éigean dúinn éirí as ionchur teicniúil agus ionchur faoi bheartas a sholáthar i réimse na nana-ábhar san Eoraip. In ainneoin an bhrú sin go léir d'éirigh leis an Údarás na príomhspriocanna seo a leanas maidir le REACH agus CLP a bhaint amach.

Is muidne Údarás Inniúil an Bhallstáit (MSCA) agus d'éirigh linn bailchríoch rathúil a chur ar an gcéad mheastóireacht a rinneamar ar 4-meitiolanasól agus bhíomar beagnach ullamh faoi dheireadh na bliana ár meastóireacht a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (ECHA) faoin spriocdháta ar 28 Feabhra 2013. Bhí go leor le foghlaim ag an Údarás mar ba é sin an chéad uair ar oibrigh na Ballstáit agus an ECHA le chéile ar an bPlean Gníomhaíochta Rollach Pobail (CoRAP). Caitheadh cuid mhaith ama ag cinntiú go raibh na nósanna imeachta agus na próisis chearta i bhfeidhm le go bhféadfadh gach dream oibriú go héifeachtach (fhreastalaíodh ar cúig cheardlann éagsúla agus imeachtaí oiliúna san iomlán i rith na bliana). Chaitheamar roinnt ama freisin mar chuid den obair sin ag féachaint ar shubstaintí a d'fhéadfaimis obair mheastóireachta a dhéanamh orthu in 2014 agus in 2015. Nuair a bhí go leor acmhainní againn chuige chuireamar ár dtuairimí mar Údarás Inniúil an Bhallstáit (MSCA) in iúl faoi na torthaí a fuarthas ó mheastóireacht sainchomhad a bhain le moltaí tástála agus le seiceálacha ar chomhlíonadh, go háirithe nuair a bhí cláraí de chuid na hÉireann i gceist. Chríochnaíomar ár gcuid oibre freisin mar MSCA maidir le sainaithint substainte a d'fheadfadh a bheith ina hábhair mhór imní ach níor sheolamar isteach aon sainchomhad Iarscríbhinne XV fúithi toisc gur mheasamar ar bhunús na n-úsáidí a bhainfí aisti nach mbeadh sé riachtanach é a údarú. D'fhanamar páirteach i gcónaí i bpléití faoi bhainistíocht riosca trí athbhreithniú a dhéanamh ar shubstaintí a d'fhéadfaí a chur ar liosta na substaintí nó go dtabharfaí tosaíocht dóibh maidir lena gcur ar Iarscríbhinn XIV, agus rinneamar athbhreithniú chomh maith ar dhréachtmholtaí um bhainistiú riosca a bhí déanta ag Ballstáit eile agus ag an ECHA agus thugamar ár dtuairimí fúthu.

**"Is muidne Údarás Inniúil an Bhallstáit (MSCA) agus d'éirigh linn bailchríoch rathúil a chur ar an gcéad mheastóireacht a rinneamar ar an substaint 4-meitiolanasól"**

Ós é an tÚdarás Príomh-Údarás Inniúil an Bhallstáit (MSCA) maidir le REACH agus CLP in Éirinn, thug sé mórchuid comhairle agus coimrí don Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta (an Roinn PFN) faoi réimse ábhar a pléadh i gCoiste Airteagail 133, sa Choiste um Beartas Fiontair agus sa Chomhairle.

Leanamar ar aghaidh de bheith rannpháirteach i bpríomhchoistí na mBallstát san ECHA, i gCoiste na mBallstát (d'fhreastalaíomar ar 6 chruinniú) agus sa bhFóram um Fhorfheidhmiú (d'fhreastalaíomar ar 3 chruinniú). Ceapadh rannpháirtí na hÉireann ar Coiste na mBallstát mar rapóirtéir chun tuairim an Choiste a thabhairt faoi mholtaí an ECHA maidir le substaintí a chur san áireamh in Iarscríbhinn XIV (an 4ú huair ar cuireadh substaintí in ord tosaíochta lena n-údarú). Thacaíomar le bunú an tríú Fóraim a dhíreoidh ar dhualgais monaróirí agus allmhaireoirí faoi REACH agus glacfaimid páirt sa ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin sin in 2013. Rinne an tÚdarás obair leantach tríd an Fhóraim ar roinnt mhaith ábhar a bhí atreoraithe ó Bhallstáit eile maidir le substaintí atá á soláthar ó Éirinn. Nochtamar mórchuid thuairimí agus chuireamar mórchuid ionchuir ar fáil chomh maith d'obair an Fhóraim lena chinntiú go mbeadh obair phraiticiúil, phragmatach forfheidhmiúcháin á cur i bhfeidhm ar fud an AE.

Leanamar ar aghaidh ag soláthar rannpháirtithe na hÉireann don Choiste um Measúnú Riosca (RAC) (d'fhreastalaíodar ar 4 chruinniú) agus don Choiste um Anailís Shocheacnamaíoch (SEAC) (d'fhreastalaíodar ar 4 chruinniú) agus chuireamar comhairle agus tacaíocht ar fáil do na rannpháirtithe, de réir na n-acmhainní a bhí againn, le go bhféadfadh siad a ndualgais a chomhlíonadh. Ghníomhaigh saineolaithe RAC agus SEAC na hÉireann mar chomhrapóirté-

irí maidir leis an gcéad sainchomhad sriantach a d'ullmhaigh an ECHA faoi 1,4-déchlóraibeinséin. Bhí mórchuid oibre le déanamh ag seiceáil comhréireachta, ag dréachtú tuairimí agus ag plé le comhaltaí eile an choiste agus leis an ECHA chun an comhad a chur chun cinn laistigh den am a bhí leagtha síos dó. Ghníomhaigh saineolaí an RAC freisin mar rapóirtéir i rith na bliana maidir le dhá thogra i leith an chomhshaoil a scaoileadh ó rúnaicmiú; d'aontaigh an RAC go ndéanfaí an dá sainchomhaid maidir le tocsaineacht uisce a scaoileadh ó rúnaicmiú faoi dheireadh na bliana.

Dhírigh an tÚdarás ar chustaiméirí agus bhí sé an-tiomanta in 2012 do thacaíocht agus comhairle a thabhairt dóibh. Ós é an tÚdarás a chuireann an deasc chabhrach náisiúnta ar fáil maidir le REACH agus CLP, thugamar freagra ar 213 ceist faoi REACH agus ar 107 ceist faoi CLP i gcaitheamh na bliana, mar aon le freagraí a thabhairt ar réimse leathan saincheisteanna maidir le ceimicigh a bhain le glantaigh, agus le honnmhairiú agus allmhairiú, srl. Cuid den fhreagracht atá orainn maidir leis an Deasc Chabhrach is ea oibriú i gcomhar le Ballstáit eile agus leis an ECHA trína bheith rannpháirteach i gcruinnithe Helpnet agus freagraí a thabhairt agus sonraí a ionchur i gcóras HelpEx an ECHA lena chinntiú go bhforbrófar freagraí cuí ar cheisteanna sonracha REACH agus CLP.

Cuireadh tús le dhá fheachtas feasachta in 2012; bhain ceann amháin le hullmhú don spriocdháta i mí na Bealtaine 2013 chun substaintí a chlárú agus bhain an ceann eile leis na céad spriocdhátaí in 2013 maidir le hiarratais le haghaidh na substaintí sin a gcaithfear a údarú. Lena chois sin chuireamar ilphointí teagmhála ar fáil do pháirtithe leasmhara tríd an ríomhphost (leagadh béim i 23 teachtaireacht éagsúil ar spriocdhátaí clárúcháin, ar moltaí SVHC le haghaidh an liosta iarrthóirí .i. substaintí a bhfuil tosaíocht á dtabhairt dóibh maidir lena gcur in Iarscríbhinn XIV, moladh faoi shrianadh, comhairliúcháin srl.). Lena chois sin scaipeamar ceithre ríomhfheasachán agus d'fhoilsíomar a lán alt i réimse irisí seachtracha agus i bhfoilseacháin na meán. Lena chois sin chuireamar ábhar i láthair do réimse leathan grúpaí earnála agus gairmiúla lena n-áirítear Pharmachemical Ireland, Occupational Hygiene Society of Ireland, Institution of Occupational Safety and Health, Eagraíocht Náisiúnta Sábháilteachta na hÉireann, Retail Ireland, Tech America, Teagasc, Facilities Management, Dámh na hÉireann um Míochaine Shaothair agus Comhairle Contae Mhaigh Eo. Bhí roinnt cruinnithe againn freisin le cuideachtaí ó Éirinn agus ón Eoraip chun déileáil le hábhair imní sonracha a bhí acu maidir le REACH agus CLP a chur ar bun nó a fheidhmiú.

Maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú (CLP), leanamar ar aghaidh ag soláthar ionchuir theicniúil nó ionchuir maidir le beartais ag na Náisiúin Aontaithe (D'fhochoiste Saineolaithe na NA maidir le Córas Comhchuibhithe Domhanda um Aicmiú agus Lipéadú) agus ag foghrúpa an Údaráis Inniúil. Mholamar sa bhfóram deireanach in éineacht leis an RA go nglacfaí le togra maidir le lipéadú i gcomhair pacáistithe beaga agus cuireadh ar fáil é sa 4ú Oiriúnú (ATP) ar Rialachán CLP. Dhíríomar ár gcigireacht chomh maith le cinntiú go mbeadh faisnéis cheart maidir le ceimiceáin le fáil ar an mbileog sonraí sábháilteachta agus ar an lipéad. Mar fhreagra ar lipéadú mícheart a bheith ar choimeádáin le haghaidh ola téimh tí, d'fhoilsigh an tÚdarás bileog eolais faoin lipéadú ceart agus na rudaí a bheadh riachtanach do sholáthraithe, do dháileoirí agus do mhiondíoltóirí lena láimhseáil.

**"Dhíríomar ár gcigireacht chomh maith le cinntiú go mbeadh faisnéis cheart maidir le ceimiceáin le fáil ar an mbileog sonraí sábháilteachta agus ar an lipéad"**



Chríochnaíomar roinnt iniúchtaí faireachais margaidh le fáil amach faoin úsáid a bhí á bhaint as substaintí Iarscríbhinn XIV atá faoi réir an chéad údarú a tugadh in 2013; bhí 23% de na cuideachtaí a sheiceáladh ag úsáid substaintí údaraithe ach ba bheag a bhí ar eolas acu faoin bpróiseas iarratais a bheidh ann amach anseo. Bhí iniúchtaí ón oifig á ndéanamh againn le seiceáil a dhéanamh maidir le comhlíonadh na gceanglas sriantacha maidir le asóruamanna i dteicstílí agus maidir le feistí chun mearcair a thomhas, agus d'oibrigh muid lenár gcomhghleacaithe sa ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí (NCA), le soláthraithe na hÉireann agus le húdaráis na Ríochta Aontaithe lena chinntiú maidir le lóchrainn spéir, a d'fhéadfadh aispeist a bheith iontu, go dtógfaí iad go deonach ón margadh. Ina theannta sin, tar éis dúinn foláireamh a fháil ón Ionad Náisiúnta Nimheanna in Ospidéal Beaumont faoin nglantach liquitabs agus faoi eachtraí a bhain le leanaí, chuireamar tús le tionscnamh comhpháirteach i gcomhar le hearnáil an tionscail chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb go deonach. Tharraingíomar anuas an tsaincheist freisin lenár gcomhpháirtithe Eorpacha maidir le glantaigh lena chinntiú go nglacfaí le cur chuige comhchuibhithe. D'aontaigh lucht an tionscail go deonach roimh dheireadh na bliana go ndéanfaidís athruithe ar an bpacáistiú agus ar an lipéadú chun an baol a laghdú go ndéanfadh leanaí teagmháil leis an ábhar sna pacáistí.

**Tar éis dúinn foláireamh a fháil ón Ionad Náisiúnta Nimheanna in Ospidéal Beaumont faoin nglantach liquitabs agus faoi eachtraí a bhain le leanaí, chuireamar tús le tionscnamh comhpháirteach i gcomhar le hearnáil an tionscail chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb go deonach"**

Chuireamar comhairle theicniúil agus eolaíoch ar fáil don Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta (an Roinn PFN) maidir le leagan amach nua a cuireadh ar an Rialachán faoi Thoiliú Feasach Roimh Ré. Ba é an rialachán deiridh a tháinig i bhfeidhm i mí Lúnasa 2012 an toradh a bhí ar an obair sin. Leanamar ar aghaidh ag obair i ndlúth-chomhpháirtíocht lenár gcomhghleacaithe sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus leo siúd a bhíonn ag plé le cúrsaí Custaim, faoinár Meabhrán comhaontaithe Comhthuisceana lena chinntiú go gcomhlíonfaidh Éire a hoibleagáidí maidir leis an Rialachán faoi Thoiliú Feasach Roimh Ré maidir le honnmhairiú agus allmhairiú substaintí contúirteacha. D'fhreastail an tÚdarás ar chruinniú an Choiste Athbhreithnithe Ceimiceán faoi Choinbhinsiún Rotterdam chomh maith le cruinnithe an Údaráis Náisiúnta Ainmnithe agus faoi Airteagal 133 chuir sé tuarascáil na hÉireann faoi Airteagal 9 faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh de réir shainordú na reachtaíochta. Rinneamar próiseáil ar 11 iarratas ar Fhógra Easpórtála ó lucht tionscal na hÉireann chun cead a fháil chun ceimiceán ar leith a onnmhairiú agus a allmhairiú.

Díríodh in 2012 sa chlár oibre maidir le hiompar earraí contúirteacha de bhóthar (ADR), ar sholáthar treorach, comhairle agus tacaíochta do pháirtithe leasmhara i ndiaidh fhoilsiú na Rialachán ADR in 2011. Chun na críche sin, ullmhaíodh agus foilsíodh doiciméad treorach ADR go sonrach le haghaidh fiontar beag agus meánmhéide. Chuireamar roinnt maith alt ar fáil i gcaitheamh na bliana i nuachtlitreacha agus i mbullaitíní an Údaráis chun ár bpáirtithe leasmhara a choinneáil ar an eolas agus chun go mbeadh faisnéis cothrom le dáta acu faoi gach ábhar a bhaineann le ADR. Ós rud é gur muidne an tÚdarás Inniúil phróiseálamar ceithre athnuachan le haghaidh Soláthraithe Ceadaithe Oiliúna (ATPanna), d'fhaomhamar cúig ATP nua agus chríochnaíomar trí iniúchadh ar ATPanna i rith na bliana. Tugadh faoi deara go raibh méadú suntasach ar líon na bhformheasanna nua ATP a iarradh le linn 2012, sa chaoi go raibh ar an Údarás amanna uainíochta a cheapadh maidir le cur isteach na n-iarratas lena chinntiú go bhféadfaí gach iarratas a fhaomhadh chomh tapa agus ab fhéidir. Ina theannta sin, chuireamar ár n-ainm le scrúdú amháin le haghaidh Comhairleoirí um Shábháilteacht Earraí Contúirteacha (DGSA) agus chuireamar dhá Chomhaontú Iltaobhacha (MLAanna) faoi bhráid an Aire le go gcuirfeadh sé a ainm leo, faoi mar a éilíonn na rialacháin ADR. D'fhreastail an tÚdarás ar chruinnithe Choiste an AE faoi Sheiceálacha Bóthar agus ar chruinnithe Choiste an AE faoi Iompair Earraí Contúirteacha agus tionóladh cruinniú trípháirteach lenár gcomhghleacaithe i dTuaisceart Éireann agus sa Ríocht Aontaithe. Thosaíomar ag ullmhú freisin don chruinniú faoi Sheiceálacha Bóthar a thionólfar anseo in Éirinn in 2013 agus a ndéanfaimid óstáil air. Mar sin féin, bhí an chuid ba mhó den chlár ADR i 2012 dírithe ar ADR nua a chríochnú mar aon le conradh chun seirbhísí gaolmhara a sholáthar lena n-áirítear scrúduithe le haghaidh Comhairleoirí um Shábháilteacht Earraí Contúirteacha agus ceaduithe

ATP. Ba lear mór oibre i gceist leis an méid sin agus faomhadh agus ceapadh sholáthraí seirbhíse nua roimh dheireadh na bliana. Thosaíomar ag obair i ráithe dheireanach na bliana ag ullmhú do Rialacháin ADR na bliana 2013 agus bhunaíomar grúpa nua de shaineolaithe na bpáirtithe leasmhara le dul i mbun comhairliúcháin faoi shaincheisteanna ADR chomh maith le Brúthrealamh Iniompraithe (TPE) agus faoi nithe a bhain leis an Acht um Shubstaintí Contúirteacha (DSA).

Chomhlíonamar chomh maith ár ról mar Údaráis Inniúil ó thaobh cúrsaí TPE, DSA, Stóras Peitriliam Miondíola Príobháideach (RPPS), stóráil amach ón gcósta agus ar an mórchóir, trí chomhairle agus treoir a sholáthar do pháirtithe leasmhara agus trí iniúchtaí. Críochnaíodh dhá chigireacht amach ón gcósta in 2012 agus d'fhreastalaíomar ar chleachtadh éigeandála amach ón gcósta. Bhíomar i dteagmháil go minic freisin lenár gcomhghleacaithe sa Choimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER) maidir lenár gcuid oibre faoi stóráil amach ón gcósta agus stóráil ar an mórchóir agus rinneamar iarracht a chinntiú nach rabhamar ag déanamh na hoibre céanna faoi dhó agus d'aithníomar bealaí le déileáil sa chaoi chéanna le réimsí a bhfuilimid araon freagrach astu agus rinneamar socrú fúthu. De thoradh na hoibre sin shíníomar Meabhrán Tuisceana nuashonraithe le CER i rith na bliana. De thoradh roinnt teagmhas a tharla i mbulcstórais in 2012, rinneamar sé cigireacht ar bhulcstórais d'fhonn réimsí a aithint le tabhairt fúthu sa todhchaí; tabharfar aghaidh orthu in 2013. Lena chois sin d'fhoilsíomar dá bhileog fíricí le deimhin a dhéanamh de gur thuig na daoine sin a bhí ag stóráil ceimiceán na céimeanna cearta maidir lena stóráil agus gur leanadar iad; bhain bileog amháin acu le shaotharlanna agus an ceann eile le trádstórais agus le háiteanna ina stóráiltear drumaí. Mar fhocal scoir, lean an tÚdarás ar aghaidh ag obair i gcomhar leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta (an Roinn PFN) ar athbhreithniú ar riachtanais DSA d'fhonn déileáil leis na bearnaí atá le sonrú idir an reachtaíochta a ritheadh sna 1970í agus reachtaíocht a ritheadh níos déanaí agus a dhéileálann le substaintí ceimiceacha den chineál céanna. Leanfaimid ar aghaidh ag obair leis an Roinn PFN ag cur na hoibre sin chun cinn in 2013.

Cuireadh 908 cigireacht maidir le sláinteachas ceirde i gcrích in 2012, mar aon le 97 imscrúdú agus rinneamar iniúchadh ar 132 gearán eile a rinneadh. Dírítear i ngach iniúchadh ar réimse ábhar bitheolaíochta agus ceimiceacha atá clúdaithe ag an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 (Rialacháin um Aispeist, Rialacháin um Ghníomhaithe Ceimiceacha, agus Rialacháin um Ghníomhaithe Bitheolaíocha) chomh maith leis an Acht Ceimiceán 2008 (Rialachán REACH, Rialacháin maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú [CLP] agus Rialachán um Ghlantaigh). D'eisigh cigirí 30 Fógra Feabhsúcháin agus sé Fhógra Toirmisc faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, mar aon le dhá Fhógra Sáraithe faoin Acht Ceimiceán 2008. Cuireadh comhairle i scríbhinn ar fáil de bharr thart ar 73% de na cuairteanna.

Próiseáil an tÚdarás 139 fógra faoi aispeist agus 16 fógra faoi ghníomhaithe bitheolaíochta. Cé go raibh an líon iomlán na bhfógraí aispeiste in 2012 níos ísle ná líon na bliana 2011, tá cúrsaí aispeiste fós ar cheann de na phríomhrudaí a ndírímid orthu ó thaobh iniúchtaí agus beartais. Bhí bailchríoch curtha againn ar threoirlínte cuimsitheacha faoin aispeist roimh dheireadh na bliana agus foilseoimid iad go luath in 2013. D'fhorbraíomar leathanach gréasáin faoi ghalair a bhaineann le haispeist mar aon le sonraí teagmhála agus tacaíochta do pháirtithe leasmhara ar mhian leo tuilleadh eolais a fháil. Bhí clár suntasach for-rochtana agus rannpháirtíochta againn leis na páirtithe leasmhara go léir a bhfuil baint acu le haispeist i rith na bliana 2012, lena n-áirítear Cumann Conraitheoirí Asbhainte Aispeiste na hÉireann agus Oifig na nOibreacha Poiblí. Dhíríomar ár n-iniúchtaí agus ár mbeartas oibre ar roinnt príomhréimsí in 2012; ba iad sin go sonrach, múiríniú bith-aerasól agus cúr spraeáilte polúireatáin. De thoradh na hoibre a rinneadh sa réimse deiridh sin, forbraíodh treoir do lucht tionscail ar úsáid agus ar láimhseáil cúr spraeáilte agus foilsíodh bileog eolais ar ár láithreán gréasáin. Forbraíodh treoir faoi aerú sceite áitiúil (LEV) agus thángthas ar chomhaontú faoi in 2012. Foilseofar í in 2013.

**"Chuir an tÚdarás comhairle mhionsonraithe theicniúil agus eolaíoch ar fáil don Roinn PFN ag clabhsúr caibidlíochta na Comhairle maidir le Treoir Seveso III"**

Réimse eile den chlár sláinteachas ceirde ar thugamar aghaidh air in 2012 ab ea nuashonrú na rialachán um Oibreáin Bhitheolaíocha agus an cód cleachtais agus na treoirlínte gaolmhara. Cuireadh an obair sin chun cinn i gcomhar leis an Roinn PFN agus táimid ag súil go bhfoilseofar an dá dhoiciméad go luath i 2013. Bhí a páirt shuntasach ag an Údarás sna Gníomhaíochtaí a bhain leis an Straitéis Náisiúnta i leith Radóin lena n-áirítear gníomhú mar chathaoirleach ar an ngrúpa oibre idir-ghníomhaireachta um radón i láithreacha oibre. Beidh dréacht-tuarascáil an ghrúpa oibre sin san áireamh sa dréacht-straitéis fhoriomlán náisiúnta

a mbeidh comhairliúcháin phoiblí fúithi in 2013.

Chuir an tÚdarás comhairle mhionsonraithe theicniúil agus eolaíoch ar fáil don Roinn PFN ag clabhsúr caibidlíochta na Comhairle maidir le Treoir Seveso III. Foilsíodh an treoir nua i mí Iúil agus cuirfear i bhfeidhm í i mí an Mheithimh 2015. D'fhreastalaíomar freisin ar chruinniú na nÚdarás Inniúil faoi rialú guaiseacha mórthionóiscí agus ar ghrúpa oibre teicniúil faoi chigireachtaí. Ó ba rud é gurb é an tÚdarás an tÚdarás Inniúil maidir le rialú guaiseacha mórthionóiscí (COMAH), rinne sé óstáil ar sé ócáid i mBaile Átha Cliath a raibh an-rath orthu faoi Phleanáil Éigeandála Seachtraí. Bhí rannpháirtithe ó na Ballstáit go léir i láthair agus chuala siad cainteoirí ó Éirinn, ón gCoimisiún, ón Ísiltír agus ón Ríocht Aontaithe ag labhairt. Rinneadh 312 imscrúdú agus 29 iniúchadh san iomlán faoin gclár COMAH in 2012. Tugadh comhairle i scríbhinn i 73% de na cásanna agus cuireadh bearta forfheidhmithe i bhfeidhm i 5% acu. Tugadh comhairle d'údaráis phleanála áitiúla agus don Bhord Pleanála faoi 226 iarratas Pleanála a bhí déanta maidir le hÚsáid Talún. Foilsíodh comhairle cineálach ar an ngréasán faoin earnáil leasachán. Ina theannta sin, d'fhreastail foireann an Údaráis ar 11 cleachtadh maidir le Pleanáil Éigeandála Seachtraí faoi na Rialacháin COMAH. Chuir an tÚdarás a ainm le 6 Thuarascáil Sábháilteachta san iomlán in 2012 agus bhí athbhreithniú á dhéanamh ar 14 eile ag deireadh na bliana. Lena chois sin rinne cigirí COMAH cúig fhiosrúchán thromchúiseacha i gcaitheamh na bliana. Mar chuid dár ról faoi Acht na nArm Ceimiceach, rinneamar éascú ar thrí chigireacht rathúla maidir le hairm cheimiceacha a rinne oifigigh ón OPCW (An Eagraíocht um Airm Cheimiceacha a Chosc) chomh maith le tuairisceáin bhliantúla na hÉireann a chomhlánú mar is gá faoin gCoinbhinsiún agus d'fhreastalaíomar ar chruinniú an Údaráis Náisiúnta um an Coinbhinsiún um Airm Cheimiceacha.

**"Tugadh comhairle d'údaráis phleanála áitiúla agus don Bhord Pleanála faoi 226 iarratas Pleanála a bhí déanta maidir le hÚsáid Talún"**

I mbeagán focal, tá an tÚdarás dírithe i gcónaí ar iarrachtaí chun bainistíocht shábháilte agus inbhuanaithe ceimiceán a chinntiú cé go raibh dúshláin shuntasacha le sárú aige chun an oiread acmhainní a bhí riachtanach a sholáthar do na cláir REACH agus CLP. Ní dócha go mbeidh an tÚdarás in ann an rannpháirtíocht ghníomhach maidir le REACH agus CLP a bhíodh againn in Éirinn agus san Eoraip a choinneáil ar siúl in 2013 mura gcuirfear acmhainní ar fail chuige sin.

Tá tuilleadh sonraí faoi chlár an Údaráis faoi na hAchtanna Ceimiceán 2008 agus 2010 ar fáil sa Tuarascáil faoin Acht Ceimiceán (Aguisín E).



# Rudaí a baineadh amach in 2012 - Clár Seirbhísí Corparáideacha

Cuireadh an clár Seirbhísí Corparáideacha i bhfeidhm go hiomlán in 2012. Leagadh béim ar chumas an Údaráis a choinneáil agus a fheabhsú agus na laghduithe atá tarlaithe cheana féin maidir le soláthar foirne agus airgeadais agus laghduithe réamh-mheasta a chur san áireamh.

- Cuireadh an tionscadal maidir le **Straitéis an Údaráis a ullmhú le haghaidh 2013-2015** i gcrích go rathúil, agus cuireadh an dréachtstraitéis faoi bhráid an Aire roimh an spriocd-háta ar 30 Meán Fómhair 2012.
- Chuir an tÚdarás plean agus córas nua um **leanúnachas gnó** i bhfeidhm ar éirigh leis coigiltis leanúnacha costais a bhaint amach agus a laghdaigh an baol go gcaillfear seirbhísí agus sonraí TFC. Cuireadh inlíon corparáideach nua ar fáil agus córas nua um bhainistiú taifead.
- D’éirigh leis an Údarás a chuid spriocanna dúshlánacha maidir le **laghduithe foirne agus buiséid** a bhaint amach – laghdaíodh an fhoireann go deonach ó 177.2 coibhéis lánaim-seartha ag tús na bliana go 170 coibhéis lánaimseartha ag deireadh na bliana, sa chaoi gur baineadh amach an sprioc a bhí ag an Údarás ina Chreat um Rialú Fostaíochta.
- Chuir an tÚdarás tús le **hathbhreithniú ar a phróiseas maidir le gníomhaíochtaí cigireach-ta** chun bealaí níos éifeachtúla a aimsiú, go háirithe i réimse na teicneolaíochta sogh-luaiste.
- Soláthraíodh an scéal ba dhéanaí don Roinn, faoi mar mar a iarradh orainn, faoinár bplean chun **Comhaontú Pháirc an Chrócaigh** a chur i bhfeidhm mar aon le haighneacht an Údaráis faoin Athbhreithniú Cuimsitheach ar Chaiteachas a d’eagraigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- Coinníodh **caidreamh cobhsaí tionsclaíoch** ar siúl trí chomhairliúcháin rialta a bheith againn leis an bhfoireann inár gComhairle um Chaidreamh Tionsclaíoch agus inár gCoiste Comhpháirtíochta.
- Cuireadh **Cóiríocht nua** ar fáil don fhoireann sna hoifigí i gCill Chainnigh agus i Luim-neach, sa chaoi go raibh coigilteas suntasach i gceist maidir le chostais cíosa agus fuin-nimh.
- Cuireadh seirbhís **sláinte cheirde agus leasa foirne** ar fáil lena n-áirítear Seirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe trína ndírítear ar dea-bhail na bhfostaithe. Cuireann an tseirbhís comhairle ar fáil don lucht Acmhainní Daonna maidir le bainistiú neamhláithreachta foirne.
- Chuir an tÚdarás cúig lá oiliúna faoi chúrsaí teicniúla agus bainistíochta ar fáil ar an meán do na baill foirne in 2012 mar chuid dá **chlár foghlama agus forbartha**.
- Chomhlíon an tÚdarás a chuid dualgas maidir le **rialachas corparáideach** agus chomhlíon sé gach rud atá sa Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit. Baineadh amach deá-rialachas agus comhlíonadh corparáideach i réimsí mar Shaoráil Faisnéise, chosaint sonraí, chánachas agus sholáthar.
- D’fhoilsigh an tÚdarás **faisnéis mhionsonraithe staitistiúil** maidir le gortuithe agus tinnis a bhaineann le hobair ina thuarascáil bhliantúil faoi staitisticí.
- Ullmhaíodh na **doiciméid chorparáideacha** go léir, lena n-áirítear Tuarascáil Bhliantúil an Údaráis don bhliain 2011 agus na tuarascálacha ráithiúla, i gcomhréir leis na ceanglais reachtúla agus seoladh isteach iad mar aon le Clár Oibre na bliana 2013 chuig an Roinn agus chuig an mBord.

# Tuarascálacha Airgeadais

’12

# Sleachta as ráitis airgeadais neamhiniúchta an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012[1]

## Réamhrá

I gcomhréir le riachtanais Alt 48 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 éilítear ar an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta Ráitis Airgeadais a chur ar fáil gach bliain. Críochnaíonn bliain airgeadais an Údaráis ar 31 Nollaig gach bliain. Ní mór na ráitis airgeadais a bheith i cibé foirm a fhaomhfaidh an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta le comhthoiliú an Aire Airgeadais. Agus na Ráitis Airgeadais sin á n-ullmhú aige, ceanglaítear ar an mBord:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- Breithiúnais a thabhairt agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus ciallmhar;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás nach cuí a thoimhdiú go leanfaidh an tÚdarás i mbun oibre;
- Ráiteas a dhéanamh cé acu ar cloíodh le caighdeáin infheidhmithe chuntasaíochta nó nár cloíodh, faoi réir aon neamh-chomhlíonadh ábhartha a nochtadh agus a míniú sna ráitis airgeadais;

Tá an Bord freagrach as leabhair chuí cuntais a choimeád a nochtann le cruinneas réasúnta ag aon tráth staid airgeadais an Údaráis agus a chuireann ar a chumas a cinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais na gceanglais atá in Alt 48(1) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag Obair, 2005. Tá an bord freagrach freisin as sócmhainní an Údaráis a chosaint agus dá bhrí sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Ullmhaíodh Dréacht-Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig, 2012 agus rinne an Bord iad a mheas ag a chruinniú a tionóladh i Márta 2013. Rinne an Bord athbhreithniú ar na Dréacht-Ráitis Airgeadais agus d'fhaomh sé iad ar bhonn nach raibh aon athrú ábhartha iontu.

Cuireann an tÚdarás an dréacht-Ráitis Airgeadais arna bhfaomhadh ag an mBord chuig Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a dhéanfaidh iniúchadh seachtrach orthu. Tá sé sceidealaithe go ndéanfar iniúchóireacht ar an obair allamuigh go déanach i Mí na Bealtaine 2013.

Baineadh an t-eolas thíos as na Dréacht-Ráitis Airgeadais agus ní ceart a mheas gur foinse iontaofa faisnéise é faoi chúrsaí airgeadais an Údaráis go dtí go mbeidh an iniúchóireacht sheachtrach curtha i gcrích. Beidh an doiciméadacht seo a leanas mar aon le sraith iomlán nótaí míniúcháin san áireamh sna Ráitis Airgeadais iniúchta:

- Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais
- Ráiteas faoi Fhreagrachtaí an Údaráis
- Ráiteas maidir le Beartais Chuntasaíochta
- Cuntas Ioncaim agus Caiteachais
- Ráiteas Ráiteas ar Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta
- Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2012
- Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid
- Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nuair a bheidh an iniúchóireacht sheachtrach curtha i gcrích agus Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faighte, déanfaidh an tÚdarás na socruithe a bheidh riachtanach chun na Ráitis Airgeadais iniúchta a chur faoi bhráid an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta le go gcuir-fear iad go foirmiúil os comhair Thithe an Oireachtais.

Beifear in ann cóip de Ráiteas Airgeadais iniúchta an Údaráis a rochtain ar shuíomh gréasáin an Údaráis nuair a bheidh an iniúchóireacht sheachtrach curtha i gcrích.

[1] Chuir an tÚdarás a chuntais neamhiniúchta faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste mar a éilítear san Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005. Ní raibh an obair iniúchóireachta críochnaithe ag an Ard-Reachtaire nuair a bhí an Tuarascáil seo á foilsiú agus mar sin tá na cuntais liostaithe mar chuntais neamhiniúchta.

# Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais

Thar ceann comhaltaí Bhord an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta, admhaím an fhreagracht atá orainn deimhin a dhéanamh de go ndéantar córas éifeachtúil rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád agus a fheidhmiú. Ní féidir ach deimhniú réasúnta a sholáthar leis an gcóras seachas deimhniú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcaomhnú, idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go bhfuil dearmadaí á gcosc nó á mbrath i dtréimhse thráthúil.

Príomh-nósanna imeachta maidir le rialú

Ghlac an Bord céimeanna le timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú trí:

- Freagrachtaí agus cumhachtaí an lucht bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun mainneachtain shuntasach maidir le rialú a thuairisciú agus gníomh oiriúnach ceartúcháin a chinntiú;
- Próiseas a bhunú chun sócmhainní an Údaráis a chosaint;
- Cultúr cuntasachta a fhorbairt ar gach leibhéal ar fud na heagraíochta.

Tá próisis bunaithe ag an Údarás chun priacail ghnó a aithint agus a mheas trí:

- Nádúr, méid agus impleachtaí airgeadais na rioscaí atá os comhair an chomhlachta a aithint, lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a mheasann sé a bheith inghlactha;
- Measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlódh na rioscaí aitheanta;
- Measúnú a dhéanamh ar chumas an Údaráis na rioscaí a tharlóidh a bhainistiú agus a mhaolú;
- Measúnú a dhéanamh ar na costais a bhaineann le rialuithe áirithe a fheidhmiú i gcomparáid leis an tairbhe a bhaineann leo;
- Oibriú i gcomhar leis an Rialtas agus le gníomhaireachtaí éagsúla eile lena chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ann faoi chuspóirí an Údaráis agus go dtugtar tacaíocht do na straitéisí chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreat lena gcuimsítear faisnéis rialta a sholáthar don lucht bainistíochta, nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligthe agus cuntasachta. Go sonrach, áirítear leis:

- Córas cuimsitheach buiséadaithe mar aon le buiséad bliantúil, a ndéanann Bord an Údaráis athbhreithniú air agus comhaontú faoi;
- Athbhreithnithe rialta ag an mBord ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán;
- Spriocanna a leagadh síos chun feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas;
- Treoirlínte soiléir maidir le ceannach agus faomhadh;
- Smachta foirmiúla bainistíochta tionscadal.

Tá córas iniúchóireachta inmheánaí curtha i bhfeidhm ag an mBord a fheidhmítear de réir an Chóid Cleachtais Um Rialachas Comhlachtaí Stáit a foilsíodh i Meitheamh 2009. Cuireann an anailís ar na rioscaí a d’fhéadfadh a bheith ag bagairt ar an Údarás bonn eolais ar fáil d’obair na hiniúchóireachta inmheánaí agus bunaítear pleananna iniúchóireachta inmheánaí bliantúla ar an anailís sin. Tacaíonn an Coiste Iniúchóireachta leis an anailís ar riosca agus leis na pleananna don iniúchóireacht inmheánach, agus faomhann an tÚdarás iad. Cuireann an tIniúchóir Inmheánach tuairisc ar fáil uair amháin ar a laghad gach bliain don Údarás faoin obair iniúchóireachta inmheánaí. San áireamh sa tuarascáil sin bíonn tuairim an Iniúchóra Inmheánaigh faoi leordhóthanacht agus éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Maidir leis an monatóireacht agus an athbhreithniú a dhéanann an tÚdarás ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais, tarraingíonn sé ar shaothar an iniúchóra inmheánaigh, an Choiste Iniúchóireachta a dhéanann maoirseacht ar obair an iniúchóra inmheánaigh, an Fheidhmeannais laistigh den Údarás a bhfuil sé de fhreagracht orthu an creat rialaithe airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil, agus ar ráitis a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bainistíochta nó i dtuarascálacha eile.

## Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe


Déanann Coiste Iniúchóireachta an Údaráis athbhreithniú ar éifeachtacht na gcóras inmheánach rialaithe airgeadais agus seolann siad tuarascáil fhoirmiúil ansin chuig an mBord. Rinne an Chomhairle athbhreithniú foirmiúil ar a rialuithe inmheánacha airgeadais in 2012.

Thar ceann an Bhoird.

Michael Horgan

Cathaoirleach

Márta 2013



# Dréacht-Ráitis Airgeadais

**Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012**

| **IONCAM** | **2012 €** | **2011 €** |
|---|---|---|
| Deontais ón Oireachtas | 19,146,000 | 19,968,000 |
| Glanmhaoiniú iarchurtha le haghaidh pinsean | 3,442,000 | 3,402,000 |
| Asbhaintí fostaí inaisíoctha leis an Roinn PFN | (617,000) | (660,000) |
| Ioncam Eile | 298,874 | 301,314 |
| Fo-Iomlán | 22,269,874 | 23,011,314 |
| Aistriú ón gcuntas caipitil | 100,719 | 74,945 |
| | 22,370,593 | 23,086,259 |
| **CAITEACHAS** | | |
| Costais tuarastal | 11,448,833 | 11,580,214 |
| Costais phinsean | 3,894,000 | 3,809,000 |
| Costais riaracháin eile | 7,711,017 | 7,227,464 |
| | 23,053,350 | 22,616,678 |
| Barrachas oibriúcháin don bhliain | (682,757) | 469,581 |
| Barrachas Carntha amhail 1 Eanáir | 1,506,238 | 1,036,657 |
| Barrachas carntha amhail 31 Nollaig | 823,481 | 1,506,238 |

Baineann na torthaí don bhliain le hoibriúcháin leanúnacha.



**Ráiteas Gnóthachan agus Caillteanas Iomlán Aitheanta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012**

| | | 2012<br>€ | 2012<br>€ | 2011<br>€ | 2011<br>€ |
|---|---|---|---|---|---|
| Barrachas don bhliain airgeadais | | | (682,757) | | 469,581 |
| | | | | | |
| Athruithe i dtoimhdí mar bhonn taca ag luach reatha dliteanas na scéime | | 13,416,000 | | 2,340,000 | |
| Gnóthachain/caillteanais (ó thaithí) ar | | (830,000) | | (1,718,000) | |
| (Gnóthachan)/ caillteanas Achtúireach ar dhliteanais phinsean | | | 12,586,000 | | 622,000 |
| Coigeartú ar Mhaoiniú Pinsean Iarchurtha | | | (12,586,000) | | (622,000) |
| Iomlán na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta don bhliain | | | (682,757) | | 469,581 |
| | | | | | |



AN TÚDARÁS SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA

## Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2012

| | 2012 € | 2012 € | 2011 € | 2011 € |
|---|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ SEASTA** | | 403,779 | | 504,497 |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | | |
| Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí | 817,659 | | 1,556,188 | |
| Iarmhéideanna Bainc agus airgid thirim | 958,640 | | 713,747 | |
| | 1,776,299 | | 2,269,935 | |
| | | | | |
| **CREIDIÚNAITHE** (Dlite i níos lú ná bliain amháin) | | | | |
| Creidiúnaithe | 954,970 | | 763,697 | |
| | 954,970 | | 763,697 | |
| Glansócmhainní reatha | | 821,329 | | 1,506,238 |
| **GLANSÓCMHAINNÍ ROIMH PHINSIN** | | 1,225,108 | | 2,010,735 |
| Maoiniú pinsin iarchurtha | | 64,385,000 | | 48,357,000 |
| Dliteanais Phinsin | | (64,385,000) | | 48,357,000) |
| **GLANSÓCMHAINNÍ** | | 1,225,108 | | 2,010,735 |
| **ARNA LÉIRIÚ AG:** | | | | |
| Cuntas Caipitil | | 401,627 | | 504,497 |
| Barrachas Carntha ar Chuntas Ioncaim agus Caiteachais | | 823,481 | | 1,506,238 |
| | | 1,225,108 | | 2,010,735 |



AN TÚDARÁS SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA

**Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid amhail an 31 Nollaig, 2012**

| **RÉITEACH AN BHARRACHAIS OIBRIÚCHÁIN LE GLAN-INS-REABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN** | **2012 €** | **2011 €** |
|---|---|---|
| Barrachas oibriúcháin don bhliain | (682,757) | 469,581 |
| Gluaiseacht ar chuntas caipitil | (100,719) | (74,945) |
| Dímheas | 191,833 | 225,413 |
| (Méadú)/Laghdú ar fhéichiúnaithe | 738,529 | (480,804) |
| Méadú/(laghdú) i gcreidiúnaithe | 191,273 | 179,951 |
| | | |
| Glan-insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin | 338,159 | 319,196 |
| **RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID** | | |
| Glan-insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin | 338,159 | 319,196 |
| Caiteachas Caipitiúil | | |
| Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta a ghnóthú | (91,114) | (150,468) |
| Méadú ar Airgead Tirim | 247,045 | 168,728 |
| Réiteach glansreabhadh airgid le gluaiseacht nglanchistí | | |
| Méadú ar airgead sa bhliain | 247,045 | 168,728 |
| Glanchistí amhail an 1 Eanáir | 713,747 | 545,019 |
| Glanchistí amhail an 31 Nollaig | 960,792 | 713,747 |
| Anailís ar Athrú i nglanchistíAirgead sa Bhanc agus ar láim | Airgead sa Bhanc agus ar láimh **€** | **€** |
| Ag tús na bliana | 713,747 | 545,019 |
| Sreabhadh Airgid | 247,045 | 168,728 |
| Ag deireadh na bliana | 960,792 | 713,747 |

AN TÚDARÁS SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA

| Sleachta as na nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig, 2012 | | |
|---|---|---|
| **Ioncam Eile** | **2012 €** | **2011 €** |
| Ioncam ón gcúrsa oiliúna do thiománaithe | 85,054 | 80,734 |
| **SEVESO** | 35,567 | 23,109 |
| Fíneálacha - ADR (iompar earraí contúirteacha ar an mbóthar) | 18,250 | 15,280 |
| Díol Foilseachán an Údaráis | 40,180 | 50,126 |
| Ilghnéitheach (seimineáir, costais dhlíthiúla, costais finnéithe) | 119,823 | 132,065 |
| | | |
| | 298,874 | 301,314 |
| **Costais Tuarastal** | | |
| Oll-Thuarastail | 10,585,605 | 10,741,695 |
| ÁSPC Fostóra | 862,728 | 838,519 |
| Costais Tuarastail Iomlána | 11,448,333 | 11,580,214 |
| **Tobhach Pinsin** | 751,760 | 758,594 |
| Asbhaineadh €751,760 ón bhfoireann trí bhíthin an tobhaigh phinsin agus íocadh é leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta. | | |
| **Líon na bhFostaithe** | | |
| Gairmiúil nó Teicniúil | 119.3 | 122.1 |
| Lucht Riaracháin | 50.7 | 55.1 |
| | 170 | 177.2 |
| **An Príomhfheidhmeannach – Luach Saothair** | | |
| Tuarastal | 153,885 | 153,885 |

Tugadh € 8,870 mar fhorchúiteamh ar chostais taistil agus cothaithe don Phríomhfheidhmeannach in 2012.

Ní bhfuair an Príomhfheidhmeannach aon bhónas ná pheorcais i rith na bliana.



AN TÚDARÁS SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2012

| **Táillí a íocadh le comhaltaí an Bhoird** | | **2012 €** | **2011 €** |
|---|---|---|---|
| Táillí an Chathaoirligh: | Michael Horgan | 11,970 | 11,970 |
| Táillí na gComhaltaí: | Marion Byron | 7,695 | 7,290 |
| | Dermot Carey | 7,695 | 7,290 |
| | Esther Lynch | 7,695 | 7,290 |
| | Eamon Devoy | 7,695 | 7,290 |
| | Dessie Robinson | 7,695 | 7,290 |
| | Mary Bohan | 7,695 | 7,695 |
| | Dan O'Connell | 7,695 | 7,695 |
| | John Byrne | 7,695 | 7,695 |
| | George Brett | 7,695 | 7,695 |
| | Des Mahon | 7,695 | 7,695 |
| | Francis Rochford* (Ean - Feabh) | - | - |
| | John Newham* (Aibr - Noll) | - | - |
| | | 88,920 | 86,895 |
| | *Ní raibh aon táillí iníoctha mar tá (nó bhí) Francis Rochford agus John Newham ina bhfostaithe de chuid na Roinne PF | | |

| **Speansais a íocadh le Comhaltaí an Bhoird** | | **2012 €** | **2011 €** |
|---|---|---|---|
| Cathaoirleach | Michael Horgan | - | - |
| Michael Horgan | Marion Byron | - | - |
| | Dermot Carey | 1,468 | 1,063 |
| | Esther Lynch | - | - |
| | Eamon Devoy | - | - |
| | Dessie Robinson | - | - |
| | Mary Bohan | 4,370 | 2,689 |
| | Dan O'Connell | 1,228 | 2,156 |
| | John Byrne | 3,239 | 3,057 |
| | George Brett | 2,228 | 2,990 |
| | Des Mahon | 4,332 | 4,160 |
| | Francis Rochford* (Ean - Feabh) | - | - |
| | John Newham* (Aibr - Noll) | - | - |
| | | 16,865 | 16,115 |

| **An Lucht Riaracháin** | **2012 €** | **2011 €** |
|---|---|---|
| Costais cumarsáide | 2,063,936 | 2,042,828 |
| Communications costs | 366,692 | 307,737 |
| Taisteal & cothabháil | 826,273 | 925,347 |
| Foilseacháin & margaíocht | 1,759,631 | 1,419,795 |
| Seirbhísí dlíthiúla | 130,627 | 109,758 |
| Taighde & comhairleacht | 593,572 | 416,320 |
| Athbhreithniú ar phróisis ghnó | 263,103 | 434,048 |
| Costais foirne | 243,231 | 282,572 |
| Soláthairtí trealamh ginearálta | 174,496 | 82,400 |
| External partnership | 140,000 | 140,000 |
| Investment in learning | 234,202 | 154,287 |
| Costais teicneolaíochta | 502,645 | 457,019 |
| Dímheas | 191,833 | 225,413 |
| Táillí iniúchóireachta inmheánaí | 13,091 | 34,263 |
| External audit fee Táille iniúchóireachta seachtraí | 15,510 | 15,510 |
| Táillí Comhaltaí | 88,920 | 85,635 |
| Eile | 103,265 | 94,532 |
| | 7,711,017 | 7,227,464 |

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2012

### Comhaltaí an Bhoird – Nochtadh Idirbheart

Gach bliain, mar aon lenár nDeontas ón Státchiste, (Fotheideal C.14 - Deontas i leith Riaracháin agus Speansais Ghinearálta), iarrtar ar an Údarás ciste a riaradh le airgead a sholáthraítear faoi Fhotheideal C.17 na Roinne – Coimisiúin, Coistí agus Fiosrúcháin Speisialta, le tacú le roinnt tionscnamh maidir le sábháilteacht san ionad oibre a fhormheasann an Bord agus a bheidh le cur i gcrích ag eagraíochtaí seachtracha.
Fuarthas aighneachtaí ó roinnt eagraíochtaí agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha i leith an chiste sin. Ba é .€€140,000 luach iomlán an chiste in 2012

Nuair a bhíonn an Bord ag dáileadh na gcistí féadfaidh sé cúnamh airgeadais a fhaomhadh do ghnóthais a bhfuil .baint ag comhaltaí aonair an Bhoird leo

Nocht na baill seo a leanas go raibh leas acu in eagraíochtaí ar faomhadh cúnamh airgeadais a thabhairt dóibh i rith na bliana.

| Comhalta an Bhoird lena mbaineann | An Méid | An Eagraíocht |
|---|---|---|
| Chomhpháirtíocht um Shábháilteacht Foirgníochta de chuid Chónaidhm Thionscal na Foirgníochta (CTF) | €140,000 | Dermot Carey |
| Comhpháirtíocht um Shábháilteacht Foirgníochta Chomhdháil na gCeardchumann | | Esther Lynch |

D’íoc an tÚdarás an maoiniú a faomhadh isteach i gcuntas bainc na Comhpháirtíochta atá á rialú ag Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta. Tá príomhról ag an CTF agus ag Comhdháil na gCeardchumann maidir leis an .gComhpháirtíocht um Shábháilteacht Tógála

I gcomhréir le Cód Cleachtais an Údaráis do chomhaltaí an Bhoird, bhí na baill thuasluaite as láthair ón gcuid sin den chruinniú ina ndearnadh an cinneadh maidir le maoiniú a dheonú do na heagraíochtaí sin..



# Aguisíní

| | |
|---|---|
| Aguisín A | Staitisticí Forfheidhmiúcháin 2012 |
| Aguisín B | Torthaí Ionchúiseamh na Bliana 2012 |
| Aguisín C | Clár Reachtaíochta agus Treorach 2012 |
| Aguisín D | Fochoistí an Bhoird agus Coistí Comhair-leacha |
| Aguisín E | Tuarascáil don bhliain 2012 faoin chaoi ar chuir na hÚdaráis Sainithe Náisiúnta a gcuid feidhmeanna i gcrích faoi na hAchtanna Ceimiceán 2008 agus 2010 |
| Aguisín F | Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh 2012 |
| Aguisín G | Ráiteas maidir le comhlíonadh cheanglais an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit – sa bhreis ar an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais |

’12

# Aguisín A:
# Staitisticí Forfheidhmiúcháin in 2012

**Tábla A.1 Líon na nIniúchtaí 2004 – 2012**

| Bliain | 2004 | 2005 | 2006 | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Iomlán | 11,382 | 13,552 | 15,365 | 13,631 | 16,009 | 18,451 | 16,714 | 15,340 | 13,835 |

**Tábla A.2 Líon na nIniúchtaí de réir Earnála Eacnamaíche 2012**

| Earnáil Eacnamaíoch | Imscrúduithe | Cigireachtaí | Iomlán |
|---|---|---|---|
| A – Talmhaíocht, foraoiseacht agus iascaireacht | 72 | 3,269 | 3,341 |
| B - Mianadóireacht agus cairéalú 44 | 44 | 257 | 301 |
| C – Déantúsaíocht | 267 | 1,244 | 1,511 |
| D – Soláthar leictreachais, gáis, gaile agus aerchóirithe | 8 | 58 | 66 |
| E – Soláthar uisce, séarachais, bainistiú dramhaíola agus gníomhaíochtaí feabhsúcháin | 64 | 290 | 354 |
| F – Foirgníocht | 402 | 3,530 | 3,932 |
| G - Trádáil mhórdhíola/mhiondíola, deisiú mótarfheithiclí/gluaisrothar | 210 | 1,348 | 1,558 |
| H – Iompar agus stóráil | 97 | 840 | 937 |
| O - Riarachán poiblí & cosaint,slándáil shóisialta éigeantach | 55 | 191 | 246 |
| P – Oideachas | 29 | 129 | 158 |
| Q – Gníomhaíochtaí sláinte daonna agus oibre sóisialta | 76 | 389 | 465 |
| Earnálacha Comhcheangailte: I-Cóiríocht agus Seirbhís Bia; J-Faisnéis agus Cumarsáid; K-Airgeadas agus Árachas; M-Gairmiúil, Eolaíoch agus Teicniúil; N-Riarachán agus Seirbhís Tacaíochta; Ealaíona agus Siamsaíocht: agus gníomhaíochtaí seach-chríche. | 214 | 752 | 966 |
| **Iomlán** | **1,538** | **12,297** | **13,835** |

**Tábla A.3 Líon na nIniúchtaí de réir Earnála Eacnamaíche agus Beart Forfheidhmiúchán 2012**

| Earnáil eacnamaíoch | Cigireachtaí & Im-scrúduithe | Toirmeasc Com-haontaithe | Chom-haontaithe Feabhsúcháin | Fógra in Áit | Íocaíocht ó Bhéal | Comhairle i Scríbhinn | Com-hairle | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| A - Talmhaíocht, foraoi-seacht agus iascaireacht | 3341 | 0 | 189 | 1 | 131 | 1375 | 1342 | 3038 |
| B - Mianadóireacht agus cairéalú | 301 | 0 | 14 | 0 | 2 | 87 | 118 | 221 |
| C – Déantúsaíocht | 1511 | 1 | 65 | 4 | 24 | 459 | 748 | 1301 |
| D – Soláthar leictreachais, gáis, gaile agus aer-chóirithe | 66 | 0 | 1 | 0 | 1 | 17 | 20 | 39 |
| E – Soláthar uisce, séarachas, bainistiú dramhaíola, gníomhaíochtaí feabh-súcháin | 354 | 0 | 13 | 5 | 18 | 75 | 164 | 275 |
| F – Foirgníocht | 3932 | 5 | 51 | 0 | 129 | 1290 | 1219 | 2694 |
| G - Trádáil mhórdhíola / mhiondíola, deisiú mótarfheithiclí / gluais-rothar | 1558 | 0 | 112 | 28 | 32 | 378 | 767 | 1317 |
| H – Iompar agus stóráil | 937 | 0 | 13 | 24 | 7 | 178 | 208 | 430 |
| O - Riarachán poiblí & co-saint, slándáil shóisialta éigeantach | 246 | 0 | 5 | 0 | 1 | 55 | 85 | 146 |
| P – Oideachas | 158 | 0 | 4 | 1 | 1 | 39 | 83 | 128 |
| Q – Gníomhaíochtaí sláinte daonna agus oibre sóisialta | 465 | 0 | 13 | 0 | 1 | 89 | 260 | 363 |
| Earnálacha Comhchean-gailte: I-Cóiríocht agus Seirbhís Bia; J-Faisnéis agus Cumarsáid; K-Airgeadas agus Árachas; M-Gairmiúil, Eolaíoch agus Teicniúil; N-Riarachán agus Seirbhís Tacaíochta; Ealaíona agus Siamsaíocht: agus Gníomhaíochtaí seach-chríche. | 966 | 0 | 28 | 1 | 9 | 235 | 451 | 724 |
| **Iomlán** | **13835** | **6** | **508** | **64** | **356** | **4277** | **5465** | **10676** |

AN TÚDARÁS SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA

# Aguisín B:
# Torthaí Ionchúiseamh na Bliana 2012

**TÁBLA B1: Achoimre ar chomhaid ionchúiseamh 2012**

| An Cineál imeachta | Iomlán a éisteadh | Díbhí | Ar Achomhairc | Síntiús do Charthanacht | Pianbhreith ar fionraí | An tAcht Promhaidh | Fíneálacha € |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Achomair** | 7 (35%) | 1 | 0 | 1 | 0 | 2 | 6,000 |
| **Ar Díotáil** | 13 (65%) | 2 | 1 | 0 | 1 | 0 | 419,000 |
| **Iomlán** | 20 | 3 | 1 | 1 | 1 | 2 | 425,000 |

**TÁBLA B2: Sonraí na n-ionchúiseamh in 2012**

**Derry White Skip Hire Ltd** **Ar díotáil**

Éisteadh an cás seo sa Chúirt Chuarda i Luimneach ar 7 Feabhra 2012. Phléadáil Derry White Skip Hire Ltd ciontach i ngach cúiseamh. D'fhulaing fostaí de chuid Derry White Skip Hire Ltd teascadh iomlán na láimhe clé ar 23 Meitheamh, 2009 nuair a bhí sé i dteagmháil le páirteanna gluaisteacha contúirteacha iompróra ag saoráid athchúrsála dramhaíola.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil |
|---|---|---|---|
| Alt 8(1) faoi mar a bhaineann sé le hAlt 8(2)( c)(iii) contrártha d'Alt 77(9)(a). | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáladh ciontach | 15,000 |
| Alt 8(1) faoi mar a bhaineann sé le hAlt 8(2)( c)(iii) contrártha d'Alt 77(2)(a). | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáladh ciontach | Curtha san áireamh |
| Alt 8(1) faoi mar a bhaineann sé le hAlt 8(2)( e) contrártha d'Alt 77(2)(a). | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáladh ciontach | Curtha san áireamh |
| Alt 8(1) faoi mar a bhaineann sé le hAlt 8(2)( c)(ii) contrártha d'Alt 77(2)(a). | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáladh ciontach | Curtha san áireamh |
| Alt 19(1) contrártha d'Alt 77(2)(a). | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáladh ciontach | Curtha san áireamh |
| Rialachán 33(e) contrátha d'Alt 77(2)(c) den Acht um Shábháil-teacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhmeanna Ghinearálta) 2007 | Pléadáladh ciontach | Curtha san áireamh |
| Rialachán 32(1)(n) contrátha d'Alt 77(2)(c) den Acht um Shábháil-teacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhmeanna Ghinearálta) 2007 | Pléadáladh ciontach | Curtha san áireamh |
| Rialachán 32(1)(a) contrátha d'Alt 77(2)(c) den Acht um Shábháil-teacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhmeanna Ghinearálta) 2007 | Pléadáladh ciontach | Curtha san áireamh |

Féach freisin Derry White (Stiúrthóir)

**Derry White (Stiúrthóir)** **Ar Díotáil**

Éisteadh an cás seo sa Chúirt Chuarda i Luimneach ar 7 Feabhra 2012. Phléadáil Derry White ciontach i ngach cúiseamh. D'fhulaing fostaí de chuid Derry White Skip Hire Ltd teascadh iomlán na láimhe clé ar 23 Meitheamh, 2009 nuair a bhí sé i dteagmháil le páirteanna gluaisteacha contúirteacha iompróra ag saoráid athchúrsála dramhaíola.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil |
|---|---|---|---|
| Alt 8(1) faoi mar a bhaineann sé le hAlt 8(2)(c)(iii) contrártha d'Alt 77(9) .(a) agus d'Alt 80 | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáladh ciontach | 5,000 |
| Alt 8(1) faoi mar a bhaineann sé le hAlt 8(2)( c)(iii) contrártha d'Alt 77(2) (a) agus d'Alt 80. | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáladh ciontach | Curtha san áireamh |
| Alt 8(1) faoi mar a bhaineann sé le hAlt 8(2)( e) contrártha d'Alt 77(2)(a) agus d'Alt 80. | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáladh ciontach | Curtha san áireamh |
| Alt 8(1) faoi mar a bhaineann sé le hAlt 8(2)( c)(ii) contrártha d'Alt 77(2) (a) agus d'Alt 80. | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáladh ciontach | Curtha san áireamh |
| Alt 19(1) contrártha d'Alt 77(2)(a) agus d'Alt 80. | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáladh ciontach | Curtha san áireamh |
| Rialachán 33(e) contrátha d'Alt 77(2)(c) agus d'Alt 80 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhmeanna Ghinearálta) 2007 | Pléadáladh ciontach | Curtha san áireamh |
| Rialachán 33(1)(n) contrátha d'Alt 77(2)(c) agus d'Alt 80 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhmeanna Ghinearálta) 2007 | Pléadáladh ciontach | Curtha san áireamh |
| Rialachán 33(1)(a) contrátha d'Alt 77(2)(c) agus d'Alt 80 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhmeanna Ghinearálta) 2007 | Pléadáladh ciontach | Curtha san áireamh |

Féach freisin Derry White Skip Hire Ltd

**Enterprise Managed Services Ltd** **Ar Díotáil**

Éisteadh an cás seo sa Phríomh-Chúirt Choiriúil, Baile Átha Cliatha, ar 12 Márta 2012. Phléadáil Enterprise Managed Services Ltd ciontach i gcúiseamh amháin. Ar an 29ú Lúnasa 2007, d'fhulaing beirt fhostaithe de chuid Enterprise Managed Services Ltd díobhálacha dóite agus iad ag obair phríomhlíonra gáis beo ar Bhóthar Oscair Mhic Thréinir, Baile Átha Cliath.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil |
|---|---|---|---|
| Alt 8(1) faoi mar a bhaineann sé le hAlt 8(2)( a) contrártha d'Alt 77(9) (a). | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáladh ciontach | 40,000 |

**Corden Pharma Ltd** **Ar Díotáil**

Éisteadh an cás seo sa Phríomh-Chúirt Choiriúil, Corcaigh, ar 27 Aibreán 2012. Phléadáil Corden Pharma Ltd ciontach i gceithre chúiseamh. Ar an 28ú Aibreán 2008 maraíodh fostaí amháin agus d'fhulaing fostaí eile gortú tromchúiseach de thoradh pléisce ceimicí ar an dara hurlár i bhfoirgneamh táirgthe ar An Oileán Beag, Co. Chorcaí.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil |
|---|---|---|---|
| Alt 8(1) faoi mar a bhaineann sé le hAlt 8(2)(h) contrártha d'Alt 77(9)(a). | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáladh ciontach | 300,000 |
| Alt 8(1) faoi mar a bhaineann sé le hAlt 8(2)(d) contrártha d'Alt 77(9)(a). | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáladh ciontach | Curtha san áireamh |
| Alt 8(1) faoi mar a bhaineann sé le hAlt 8(2)(j) contrártha d'Alt 77(2)(a). | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáladh ciontach | Curtha san áireamh |
| Alt 8(1) faoi mar a bhaineann sé le hAlt 8(2)( c)(iii) contrártha d'Alt 77(2)(a). | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáladh ciontach | Curtha san áireamh |

**Cartrose Limited ag trádáil mar Artane Windows** **Achomair**

Éisteadh an cás seo i gCúirt Dúiche Bhaile Bhlainséir ar an 18 Aibreán 2012. Phléadáil Cartrose Limited a bhí ag trádáil mar Artane Windows ciontach in dhá chúiseamh maidir le mainneachtain córas sábháilte oibre a chur ar fáil agus mainneachtain a chinntiú go ndéanfaí measúnú riosca ar an chaoi a d'úsáid fostaithe sábh ciorclach.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil |
|---|---|---|---|
| Alt 8(2)(e) contrártha d'Alt 77(2)(a). | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáladh ciontach | 1,000 |
| Alt 19 (1) contrártha d'Alt 77(2)(a). | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáladh ciontach | Curtha san áireamh |

**Patrick Rooney (Trádálaí Aonair)** **Ar Díotáil**

Éisteadh an cás seo sa Phríomh-Chúirt Choiriúil, Sráid Gheata na Páirce, Baile Átha Cliatha, ar 24 Bealtaine 2012. Phléadáil Patrick Rooney (Trádálaí Aonair) ciontach in dhá chúiseamh. Ar an 17 Iúil 2007, thit beirt fostaithe ó dhíon seide arbhair ag Sunnymeade, An Barda, Co. Bhaile Átha Cliath agus gortaíodh iad.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil |
|---|---|---|---|
| Alt 8(2)( e) contrártha d'Alt 77(2)(a). | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáladh ciontach | Pianbhreith choimeádta 18 mhí ar fionraí |
| Rialachán 5(3) contrátha d'Alt 77(9) (a) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2006<br>An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáladh ciontach | Pianbhreith choimeádta 18 mhí ar fionraí |

**Global Steel Manufacturing Ltd** **Ar Díotáil**

Ar an 18 Iúil 2012, tugadh pianbhreith i gCúirt Dúiche Ghuaire. Phléadáil Global Steel Manufacturing Ltd ciontach i gcúiseamh amháin. Teascadh méar fhada na láimhe deise d'fhostaí ar an 23 Samhain, 2010 nuair a chuaigh an lámhainn a bhí á caitheamh aici i bhfostú i lann ghearrtha.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil |
|---|---|---|---|
| Alt 8(1) faoi mar a bhaineann sé le hAlt 8(2)(a) contrártha d'Alt 77(9)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáladh ciontach | 1,000 |

**Hilton Foods (Ireland) Ltd** **Achomair**

Ar an 12 Iúil 2012, tugadh pianbhreith i gCúirt Dúiche Dhroichead Átha. Phléadáil Hilton Foods (Ireland) Limited ciontach in dhá chúiseamh maidir le mainneachtain córas sábháilte oibre a chur ar fáil agus mainneachtain rochtain níos fearr a sholáthar ar dhroicheadán ó chrios iompair.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil |
|---|---|---|---|
| Alt 8(1) faoi mar a bhaineann sé le hAlt 8(2)(e) contrártha d'Alt 77(2)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáladh ciontach | 2,000 |
| Alt 19(4) contrártha d'Alt 77(2)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáladh ciontach | 2,000 |

**Ross Oil Company** **Achomair**

Ar an 18 Iúil 2012, tugadh pianbhreith i gCúirt Dúiche Mhaigh Chromtha. Phléadáil an Ross Oil Company ciontach in dhá chúiseamh. Ar an 24ú Eanáir 2011, shleamhnaigh fostaí agus thit sé ó dhíon an tancaeir a bhí á luchtú aige agus gortaíodh é

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil |
|---|---|---|---|
| Alt 8(1) faoi mar a bhaineann sé le hAlt 8(2)(a) contrártha d'Alt 77(9)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáladh ciontach | 1,000 |
| Rialachán 103(2) contrátha d'Alt 77(2)(c) den Acht um Shábháil-teacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005. | Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhmeanna Ghinearálta) 2007<br>An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáladh ciontach | Curtha san áireamh |

**Tesco Ireland Ltd** **Achomair**

Ar 26 Meán Fómhair 2012 tugadh pianbhreith i gCúirt Dúiche na hUaimhe. Phléadáil Tesco Ireland Limited ciontach i gcúiseamh amháin maidir le mainneachtain a chinntiú nach raibh daoine, nach raibh mar fhostaithe acu, nochta do rioscaí dá sábháilteacht, dá sláinte ná dá leas.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil | An tAcht Promhaidh |
|---|---|---|---|---|
| Alt 12 contrártha d'Alt 77(2)(a) | An tAcht um Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáladh ciontach | Níor gearradh fíneáil<br>Tabhartas 1,000 do Chumann na hÉireann um Chosaint Leanaí. | Pianbhreith choimeádta 18 mhí ar fionraí<br>Pianbhreith choimeádta 18 mhí ar fionraí |

**Braun Oral B Ireland Ltd (ar a dtugtaí Procter and Gamble (Manufacturing) Ireland Ltd roimhe seo)** **Ar Díotáil**

Ar 9 Deireadh Fómhair 2012 tugadh pianbhreith i gCúirt Dúiche na hUaimhe. Phléadáil Braun Bhéal B Ireland Ltd ciontach i sé chúiseamh maidir le mainneachtain guaiseacha a aithint agus measúnacht a dhéanamh ar rioscaí a bhain leis an bpríomhscagaire sa ghléasra cóireála eisiltigh, mainneachtain gléasra agus innealra a chothabháil agus mainneachtain a áirithiú go raibh siad déanta go storrúil teann agus mainneachtain sábháilteacht sláinte agus leas a bhfostaithe a áirithiú.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil |
|---|---|---|---|
| Alt 19(1) contrártha d'Alt 77(2)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáladh ciontach | €10,000 |
| Alt 8(1) faoi mar a bhaineann sé le hAlt 8(2)(c)(iii) contrártha d'Alt 77(2)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáladh ciontach | Curtha san áireamh |
| Alt 8(1) faoi mar a bhaineann sé le hAlt 8(2)(a) contrártha d'Alt 77(2)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáladh ciontach | €5,000 |
| Rialachán 31(a) contrátha d'Alt 77(2)(a) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhmeanna Ghinearálta) 2007<br>An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáladh ciontach | Curtha san áireamh |
| Rialachán 31(c) contrátha d'Alt 77(2)(a) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhmeanna Ghinearálta) 2007<br>An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáladh ciontach | Curtha san áireamh |
| Rialachán 31(f)(i) contrátha d'Alt 77(2)(a) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhmeanna Ghinearálta) 2007<br>An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáladh ciontach | Curtha san áireamh |

**C & M Construction Limited** **Ar Díotáil**

Ar 19 Deireadh Fómhair 2012 tugadh pianbhreith sna Cúirteanna um Cheartas Coiriúil, Sráid Gheata na Páirce, Baile Átha Cliath 7. Phléadáil C & M Construction Ltd ciontach i gcúiseamh amháin. Theip ar C & M Construction Ltd ollscartaire a choinneáil in ord oibre cuí.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil |
|---|---|---|---|
| Rialachán 37(b) contrátha d’Alt 77(2)(c) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2006 | Pléadáladh ciontach | 10,000 |

**Scafftex Systems Ltd )** **Ar Díotáil**

Ar 26 Deireadh Fómhair 2012 tugadh pianbhreith i gCúirt Dúiche Leitir Ceanainn. Phléadáil Scafftex Systems Ltd ciontach in dhá chúiseamh. Ar an 23ú Bealtaine 2006, thit fostaí de chuid Scafftex Systems Ltd ó scafall ag Colgan Hall, Carn Domhnach, Co. Dhún na nGall agus fuair sé bás ar an láthair de thoradh na ngortuithe a d’fhulaing sé. Bhí fostaithe Scafftex Systems Ltd ag baint anuas an scafaill nuair a tharla an eachtra.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil |
|---|---|---|---|
| Alt 8(2)(e) contrártha d’Alt 77(9)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáladh ciontach | 2,000 |
| Rialachán 9(4) contrátha d’Alt 77(2)(c) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2001<br>An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáladh ciontach | Curtha san áireamh |

**Hodgins Architectural Facades Ltd** **Ar Díotáil**

Ar 14 Samhain 2011 tugadh pianbhreith i gCúirt Chuarda na Gaillimhe. Phléadáil Hodgins Architectural Facades Ltd ciontach i gcúiseamh amháin. Ceapadh Hodgins Architectural Facades Ltd mar PSCS maidir le tógáil agus athsholáthar na bhfuinneog ag Scoil Chuimsitheach Chiaráin, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe. Le linn na hoibre fuarthas go raibh painéil aispeiste taobh thiar de na fuinneoga. Níor stóráladh na painéil aispeiste i gceart agus dá thoradh sin éilíodh clós cúil na scoile le smionagar aispeiste.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil |
|---|---|---|---|
| Alt 12 contrártha d’Alt 77(2)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáladh ciontach | 10,000 |

**J Harris Assemblers** **Ar Díotáil**

Ar 20 Nollaig 2012 tugadh pianbhreith sa Phríomh-Chúirt Choiriúil, Sráid Gheata na Páirce, Baile Átha Cliath. Phléadáil J Harris Assemblers ciontach i gcúiseamh amháin. I mí Lúnasa 2003, cheannaigh J Harris Assemblers leoraí agus na rudaí a bhí ag gabháil leis. Dhíol J Harris Assemblers an leoraí agus na rudaí a bhí ag gabháil leis ansin le páirtí eile. Níor thástáil agus níor scrúdaigh J Harris Assemblers an t-inneall ar bhealach leordhóthanach sular athdhíol siad é.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil |
|---|---|---|---|
| Alt 10(1)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 1989 | Pléadáladh ciontach | 20,000 |

**Ionad Taighde agus Nuálaíochta Teagasc um Ainmhithe agus Tailte Féaraigh** **Achomair**

Ar 18 Nollaig 2012 tugadh pianbhreith i gCúirt Dúiche na hUaimhe. Phléadáil Ionad Taighde agus Nuálaíochta Teagasc um Ainmhithe agus Tailte Féaraigh ciontach i gcúiseamh amháin maidir le mainneachtain na guaiseacha a shainaithint agus na rioscaí a mheas a bhaineann le tógáil samplaí fola ó laonna.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil | An tAcht Promhaidh |
|---|---|---|---|---|
| Alt 19(1) contrártha d'Alt 77(2)(a) | An tAcht um Sháb-háilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | Pléadáladh ciontach | N/B | An tAcht Promhaidh |





AN TÚDARÁS SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA

# Aguisín C:
# Clár Reachtaíochta agus Treorach 2012

**TÁBLA C1: Forbairt Reachtaíochta 2012**

| Rialúchán | Cineál | Stádas |
|---|---|---|
| Dréacht-Rialacháin faoi Thuairisciú Timpistí | Athbhreith-niú | Cuireadh bailchríoch ar chomhairliúchán poiblí ar 12 Márta, 2012. |
| Dréacht-Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tumadóireacht) | Athbhreith-niú | Tá Dréacht-Rialacháin ag Oifig Dhréachtóir na Parlaiminte faoi láthair |
| Dréacht-Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) (Leasú) a bhaineann le húsáid trealaimh oibre | Athbhreith-niú | Tá Dréacht-Rialacháin ag Oifig Dhréachtóir na Parlaiminte faoi láthair |
| Dréacht-Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) (Leasú) a bhaineann leis an athbhreithniú ar an Acht um Shábháilteacht i Tionscail agus ar an Acht Monarchan | Athbhreith-niú | Cuireadh na Dréacht-Rialacháin a bhaineann le innealra adhmadóireachta, le rothaí scrábacha agus le dromchlaí a phléascadh go scrábach faoi bhráid na Roinne PFN. Tá siad ag Oifig Dhréachtóir na Parlaiminte faoi láthair |
| Dréacht-Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Mianaigh) | Athbhreith-niú | Tá Dréacht-Rialacháin ag Oifig Dhréachtóir na Parlaiminte faoi láthair |
| Dréacht-Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Rialacháin um Ghníomhairí Bitheolaíocha) | Athbhreith-niú | Tá Dréacht-Rialacháin ag Oifig Dhréachtóir na Parlaiminte faoi láthair |
| Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) (Leasú) 2012 (Córais Bhrú) (I.R. Uimh. 445 de 2012) | Athbhreith-niú | Sínithe ag an Aire ar 12 Samhain 2012 |
| Dréacht-Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Cosc ar Earraí Géara san Earnáil Sláinte) 2012 | Nua | Cuireadh na Dréacht-Rialacháin faoi bhráid na Roinne PFN. Tá siad ag Oifig Dhréachtóir na Parlaiminte faoi láthair. |
| Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) (Leasú) 2012 (I.R. Uimh. 461 de 2012) | Athbhreith-niú | Sínithe ag an Aire ar 23 Samhain 2012. Tiocfaidh siad i bhfeidhm ar 1 Meitheamh 2013. |
| Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) (Leasú) (Uimh. 2) 2012 (I.R. Uimh. 481 de 2012) | Athbhreith-niú | Sínithe ag an Aire ar 30 Samhain 2012 |
| Dréacht-Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Cairéil) (Leasú) | Athbhreith-niú | Sínithe ag an Aire ar 15 Eanáir 2013 |
| Réimsí Leictreamaighnéadacha | Nua | Cuireadh an obair seo siar ar feitheamh Treorach nua |
| Neamhoird Mhatánchnámharlaigh a Bhaineann leis an Obair | Nua | Cuireadh an obair seo siar ar feitheamh Treorach nua |

**Tábla C.2 Forbairt Cód Cleachtais in 2012**

| Cód cleachtais | Stádas |
|---|---|
| Cód Cleachtais do na Dugaí Tionscal | Dréachtleagan curtha faoi bhráid na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta ar 2 Deireadh Fómhair 2012 chun thoiliú an Aire a fháil lena fhoilsiú |
| Tá Cód Cleachtais d'Fhostóirí Tá an Dréacht-Chód á fhorbairt faoi láthair | a bhfuil Triúr nó Níos Lú Fostaithe acu in Iascaireacht Chladaigh |
| Cód Cleachtais do Thumadóireacht Intíre | Cuirfear bailchríoch air nuair a dhéanfar socrú dhlíthiúil foirmiúil agus do Thumadóireacht Cois Cladaigh ar na Dréacht-Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tumadóireacht) |
| Cód Cleachtais do Leas ag an Obair | Cuirfear bailchríoch air nuair a dhéanfar socrú dhlíthiúil foirmiúil Thumadóireacht amach ón gCósta ar na Dréacht-Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus (Tumadóireacht) |

**Tábla C.3 ábhar treorach a foilsíodh in 2012**

| Ábhar na treorach | Teideal na treorach |
|---|---|
| Foirgníocht | Sainmhíniú ar Obair Foirgníochta |
| Cúram Sláinte | Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair in Áiseanna Cúraim Chónaithigh |
| Cúram Sláinte | Seicliosta um Bainistiú Sláinte agus Sábháilteachta le haghaidh Áiseanna Beaga Cúraim Sláinte |
| Sláinte Ceirde | Treoir faoi Shealobair agus Obair Oíche |
| Sláinte Ceirde | Treoir faoi Neamhoird Géag Uachtarach a chosc san Earnáil Airgeadais |
| Gníomhairí Fisiceacha | Torann sna hEarnálacha Ceoil agus Siamsaíochta |

# Aguisín D:
# Fochoistí an Bhoird agus Coistí Comhairleacha

## Fochoiste Reachtaíochta agus Treorach an Bhoird

- George Brett (Cathaoirleach)
- Marian Byron
- Dermot Carey
- Esther Lynch / Eamonn Devoy (gach re seal)
- Mary Bohan

## Fochoiste Airgeadais an Bhoird

- Des Mahon (Cathaoirleach)
- Dan O'Connell
- Dessie Robinson

## Fochoiste Iniúchóireachta an Bhoird

- Des Mahon (Cathaoirleach)
- Dermot Carey
- Dan O'Connell
- Dessie Robinson

## Fochoiste an Bhoird um Fhorfheidhmiú agus Athbhreithniú Straitéiseach

- Micheal Horgan (Cathaoirleach)
- Francis Rochford (ar tháinig John Newham ina áit ó Aibreán ar aghaidh)
- Marian Byron
- Eamon Devoy
- George Brett
- Martin O' Halloran

## An Coiste Comhairleach Foirgníochta

- Dessie Robinson (Cathaoirleach), Comhalta de Bhord An Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta agus comhalta den Cheardchumann Rialtas Áitiúil, Sheirbhís Phoiblí agus Státseirbhís na hÉireann
- Denis Farrell, Comhdháil na gCeardchumann
- Kathy O 'Leary, Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta
- Robert Butler, Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta
- Carl Anders, Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann
- Tony Pearson, FÁS
- James Coughlan, Comhdháil na gCeardchumann
- Kevin Rudden, Cumann na nInnealtóirí Cairte in Éirinn
- Stephen Cunningham, Institiúid um Shábháilteacht agus Sláinte Ceirde
- Brendan MacConville, Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann
- Michael McDonagh, An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
- Paraig Earley, An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
- Carol O' Shea (Rúnaí), An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

## An Coiste Comhairleach Teicniúil agus Eolaíoch

- Marian Byron (Cathaoirleach), Comhalta de Bhord an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta
- Darren Byrne (Leaschathaoirleach), An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil
- Frank Barry, Comhdháil na gCeardchumann
- Bobby Carty, Comhdháil na gCeardchumann
- John Hughes, An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta
- Michael Gillen, Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann
- Carl Anders, Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann
- David McGilloway, An Rannóg um Chlárú agus Rialú Lotnaidicídí
- Peter Webster, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
- Frances Wright, Occupational Hygiene Society of Ireland
- Aisling Murtagh, Cumann Tomhaltóirí na hÉireann, ar tháinig Dermot Jewell ina háit in 2012
- Peter J Claffey, An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
- Shara Smith (Rúnaí), An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

## Coiste Comhairleach na Comhpháirtíochta um Shábháilteacht Feirme

- Marian Byron (Cathaoirleach), Comhalta de Bhord an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta
- Brian Carroll, Cumann na gComhairleoirí Talmhaíochta
- Jim Dockery, an Líonra um Fhaoiseamh Feirmeoireachta
- Declan Gibney, an Institiúid um Shábháilteacht agus Sláinte Ceirde
- Pat Kirwan, Tréidlianna na hÉireann
- Seán Ó Laoide, Comhairle Tréidlianna na hÉireann
- Gerard Mawn, Coillte
- Michael Larkin, Macra na Feirme
- John McNamara, Teagasc
- An Dr Patricia Torpey, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia
- Tom Murphy, Cumann Conraitheoirí Gairmiúla Talmhaíochta
- Vincent Nally, Nasc Tuaithe na hÉireann
- Willie O' Donohue, Cumann Soláthróirí Bainne Uachtarlainne na hÉireann
- An Dr Noel Richardson, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- Ciarán Roche, FBD Insurance
- Margaret Healy, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann
- John Flynn, Cumann Feirmeoirí Caorach agus Eallaí na hÉireann
- Anne Brady, Agri Aware
- Pat Griffin, An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
- Anthony Morahan, An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
- Margaret Egan (Rúnaí), An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

## Coiste Comhairleach Réigiúnach an Deiscirt

- Sylvester Cronin (Cathaoirleach), an Ceardchumann Seirbhísí, Tionsclaíoch, Gairmiúil agus Teicniúil
- Anne Keohane, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann
- Michael Reidy, Comhairle Contae Luimnigh
- Austin Noonan, Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh
- Conor O'Connell, Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta
- Donal Harte, Cumann Soláthróirí Bainne Uachtarlainne na hÉireann
- Pat O'Flynn, an Ceardchumann Seirbhísí, Tionsclaíoch, Gairmiúil agus Teicniúil
- Eddie Ronayne, Comhairle Contae Chorcaí
- Gus Connolly, ESB Networks
- Bob Seward, an Institiúid um Shábháilteacht agus Sláinte Ceirde
- Maria O'Brien, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- Mary Keane, Eagraíocht Náisiúnta Sábháilteachta na hÉireann
- Michael Hanley, Bord Fiontar Iarthar Chorcaí
- Robert Stuart, Comhairle Co. Chiarraí
- Tony Briscoe, Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann
- Sean Hyde, An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
- Patricia Truscott (Rúnaí), An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

## Coiste Comhairleach Réigiúnach an Oirdheiscirt

- Dan O'Connell (Cathaoirleach), Comhalta de Bhord an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta
- John Cassidy, FÁS
- Ita Leyden, an Institiúid um Shláinte agus Sábháilteacht Ceirde
- Lorraine Casey Power, Leas-ionadaí, an Institiúid um Shláinte agus Sábháilteacht Ceirde
- Eileen Curtis, Coiste Gairmoideachais Chill Chainnigh
- Geraldine Moran, Leas-ionadaí, Coiste Gairmoideachais Chill Chainnigh
- Zena Keane, Comhairle Contae Cheatharlach
- James Curran, Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta
- Mary Flynn, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann Phort Láirge, Gnóthaí Feirme, Teaghlaigh & Sóisialacha
- Marion Dalton, Leas-ionadaí Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann Phort Láirge, Gnóthaí Feirme, Teaghlaigh & Sóisialacha
- John Hickey, Bord Iascaigh Mhara
- John Hogan, Teagasc
- Mary Kelly, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- Richard King, Bord Soláthair an Leictreachais
- Kieran Leahy, Cumann Ionadaíochta an Gharda Síochána
- Conor O'Reilly, Leas-ionadaí, Cumann Ionadaíochta an Gharda Síochána
- John Mulholland, Comhairle Contae Chill Chainnigh
- Ray Murray, Bord Iascaigh Mhara
- Frank Nolan, Sábháilteacht Uisce na hÉireann
- Sean Hennessy, Sábháilteacht Uisce na hÉireann
- Mary O'Doherty, Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge
- Paul O'Mahony, Cónaidhm Coincréite na hÉireann
- Michael Cusack, Iascach Intíre Éireann
- Eddie Taaffe, Comhairle Chontae Loch Garman
- Mark Cullen, An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
- Maura Kavanagh (Rúnaí), An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

## Coiste Comhairleach Réigiúnach an Iar-Thuaiscirt

- John Byrne (Cathaoirleach)
- Martin Shields, Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann
- John Quinn, Eagraíocht Náisiúnta Sábháilteachta na hÉireann
- Olive Henry, FÁS
- Fintan Byrne, An Garda Síochána
- Darragh Gannon, An Garda Síochána
- Maura Canning, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann
- Art McGrath, Teagasc
- Tom Farrell, Ceardchumann Rialtas Áitiúil, Sheirbhís Phoiblí agus Státseirbhís na hÉireann
- David Mullarkey, Institiúid Teicneolaíochta Shligigh
- Tom Currid, Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta
- John McGovern, Coillte
- James Hughes, North West American Chamber of Commerce
- Adrian Maye, Cónaidhm Coincréite na hÉireann
- Sonya Maguire, Grúpa Comhairleoirí Sábháilteachta na nÚdarás Áitiúil
- Pat Kelly, ESB Networks
- Bernadette McLoughlin, Bantracht na Tuaithe
- Hilary Byrne, An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
- Orla Cahalan (Rúnaí), An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta



# Aguisín E: Tuarascáil don bhliain 2012 faoin chaoi ar chuir na hÚdaráis Sainithe Náisiúnta a gcuid feidhmeanna i gcrích faoi na hAchtanna Ceimiceán 2008 agus 2010

Ceapadh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta mar Phríomhdúdarás náisiúnta faoin Acht Ceimiceán 2008, Uimh. 13 de 2008, arna leasú in 2010 ag an Acht Ceimiceán (Leasú) 2010, Uimh. 32 de 2010 (a ndéantar tagairt dóibh anseo mar 'na hAchtanna Ceimiceán 2008 agus 2010') agus mar sin tá sé freagrach as comhordú a dhéanamh ar oibriú na nAchtanna. Forálann na hAchtanna do chur chun feidhme agus riaradh an Rialacháin REACH (CE 1907/2006), an Rialacháin CLP (CE 1272/2008), Rialachán Rotterdam (CE 689/2008) agus Rialachán na nGlantach (CE 648/2004).

Tá oibleagáidí riaracháin agus nó forghníomhaithe ar chúig údarás náisiúnta eile faoi na hAchtanna 2008 agus 2010, .i. an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA); Bord Ospidéil Beaumont; an tSeirbhís Custaim de chuid Roinn na gCoimisinéirí Ioncaim; agus Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú. Tá achoimre le fáil san aguisín seo ar an chaoi ar chomhlíon na hÚdaráis sin a gcuid feidhmeanna in 2012. Cuireadh sonraí fúthu chuig an Údarás i dtuarascálacha faoi mar a éilítear faoi Alt 8(4) agus faoi Alt 8(5) d'Acht na bliana 2008. Ceanglaítear le hAlt 8(4) d'Acht na bliana 2008 ar an údarás náisiúnta (seachas ar an Údarás) a) socruithe leordhóthanacha a dhéanamh chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh faoi na forálacha reachtúla iomchuí, b) taifid chuí a choinneáil agus c) tuarascáil a thabhairt don Údarás laistigh de dhá mhí i ndiaidh deireadh gach bliana. Ní mór cibé faisnéis a iarrfaidh an tÚdarás a bheith san áireamh i dtuarascáil dá leithéid.

Iarradh ar gach údarás náisiúnta in 2012 freagra a thabhairt faoin méid seo a leanas: príomhghníomhaíochtaí Phríomh-Údarás Inniúil an Bhallstáit (MSCA); an tacaíocht agus an chomhairle a tugadh do na bpáirtithe leasmhara; gclár forfheidhmiúcháin, más ábhartha; rannpháirtíocht i gcoistí comhairleacha náisiúnta agus Eorpacha agus i ngrúpaí oibre; na socruithe rannpháirtíochta atá curtha i bhfeidhm idir na húdaráis náisiúnta agus/nó na húdaráis Eorpacha agus na príomh-shaincheisteanna a d'eascair i gcaitheamh na bliana a bhain le reachtaíocht nó le hacmhainní a cuireadh ar fáil le tacú le hobair faoi na rialacháin ábhartha, móide aon tagairtí eile a d'fhéadfadh a bheith ábhartha. Tá na sonraí fuarthas ó na húdaráis náisiúnta faoi leith ar fáil thíos.

## 1. An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (An DFAM)

Tá an Roinn sin freagrach as nithe a bhaineann le lotnaidicídí agus bithicídí faoi na Rialacháin REACH agus CLP agus Rialacháin faoi onnmhairiú agus allmhairiú.

Thug an Roinn le fios faoina bpríomhghníomhaíochtaí gur chuir siad faisnéis ar fáil in 2012 maidir le feidhmiú an Rialacháin REACH i ndáil le lotnaidicídí chuig FSS don tréimhse ó 1/1/12 go 31/12/12. Rinneadh obair maidir le táirgí cosanta plandaí (PPP) agus reachtaíocht um Bithicídí a bhaineann le clárú substaintí nó meascán faoi REACH de réir na reachtaíochta a bhaineann leis an earnáil sonrach sin. San áireamh le táirgí lotnaidicíde a fhógairt don DAFM nó údarú a fháil uaithi fúthu nó iad a chlárú léi bhí seiceálacha ar chomhlíonadh bhileoga sonraí sábháilteachta (BSS) REACH. Maidir le CLP, rinne an DAFM seiceáil ar chomhlíonadh na ceanglas maidir le lipéadú agus le haicmiú na dtáirgí lotnaidicídí le linn an phróisis fógartha, údaraithe agus clárúcháin. Ina theannta sin, nuair a rinneadh cigireacht in 2012 ar tháirgí cosanta plandaí (mar a thuairiscítear thíos) rinneadh seiceálacha chomh maith ar chomhlíonadh gach rud maidir le lipéid na dtáirgí lotnaidicídí. Cuireadh dhá shainchomhad chuig an ECHA in 2012 inar moladh aicmiú agus lipéadú comhchuibhithe (CLH) do Warfarin agus do Sulfoxaflor agus go gcuirfí comhairliúcháin phoiblí ar siúl fúthu agus go mbreithneodh an Coiste Measúnaithe Riosca (RAC) iad.

Níor próiseáladh aon fhógraí faoin Rialachán Rotterdam i rith 2012, toisc nach bhfuarthas aon iarratas a bhain le lotnaidicídí. Tuairiscíodh rudaí nuair a d'oir sin don chás.

Maidir le tacaíocht agus comhairle do pháirtithe leasmhara, níl aon deasc chabhrach faoi leith ag an DAFM maidir le REACH/CLP. Mar sin féin, tá deasc chabhrach náisiúnta REACH agus CLP ag an Údarás agus déileálann an DAFM leis na cisteanna a chuirtear ar aghaidh chuici. Tionóladh an chéad Siompóisiam faoi Bhithicídí i mí Aibreáin 2012. Bhí an tÚdarás i láthair

agus labhair sí faoi na teorainneacha atá idir glantaigh agus glantaigh bithicíde.

Níor thuairiscigh an DAFM aon ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin a bhain go sonrach le REACH, le CLP ná le Toiliú Feasach Roimh Ré (PIC) faoin Acht Ceimiceán i rith na bliana 2012. Mar sin féin, mar chuid dá gclár bliantúil forfheidhmiúcháin na reachtaíochta um lotnaidicídí, a chuireann an Rannóg um Clárú agus Rialú Lotnaidicídí (PRCD) an DAFM i bhfeidhm, rinneadh thart ar 350 cigireacht ar dháileoirí (idir mhórdhíola agus mhiondíola), ar údaráis áitiúla, ar stórais FSS agus ar chlubanna spóirt. Eisíodh Fógraí chomhlíonta i gcomhréir le nósanna imeachta cigireachta. Eisíodh 25 Fógra Comhlíonta in 2012 inar tugadh cur síos ar dháta deireanach díolta nó úsáidte na dtáirgí sin. Rinneadh Cigirí Scéime Aoníocaíochta (SPS) na DAFM iniúchadh mar chuid den chlár iniúchóireachta SPS an AE ar thart ar 1,296 feirm le fáil amach an rabhthas ag comhlíonadh na rialachán faoi lotnaidicídí.

Cé go bhfuil a hainm curtha cheana féin ag an DAFM chun REACH-IT a rochtain, níl aon phlean aici faoi láthair RIPE (an Tairseach Faisnéise REACH i ndáil le Forfheidhmiúchán) a rochtain.

Maidir le rannpháirtíocht a bheith aici i gcoistí comhairleacha, ghlac DAFM páirt i gCoiste Comhairleach Teicniúil agus Eolaíoch (TSAC) an Údaráis agus i gcruinnithe Ghrúpa Idir-rannach na Gníomhaireachta um Cheimiceán in 2012. Ionadaí na hÉireann is ea saineolaí tocsaineolaíochta na DAFM, agus ina b(h)all de Choiste Comhairleach Réigiúnach na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (ECHA). D'ainmnigh an DAFM saineolaithe freisin le haghaidh roinnt grúpaí oibre an AE sna réimsí atá ag teacht chun cinn maidir le suaiteoirí inchríneacha, measúnú meascán agus nana-ábhair, bíodh is ach nach mbaineann siad sin go sonrach le ECHA.

Bhí cruinnithe ag an DAFM le húdaráis náisiúnta eile agus cumarsáid aici leo de réir mar ba ghá in 2012. Shínigh an DAFM, FSS agus lucht Custaim Meabhrán Tuisceana maidir le le Rialachán Rotterdam agus tá sé i bhfeidhm i gcónaí ó 2011 i leith. Rinne an DAFM agus FSS comhaontú faoi Mheabhrán Tuisceana maidir le REACH/ an Acht Ceimiceán in 2011 agus tá sé i bhfeidhm i gcónaí. Thug an DAFM le fios nach bhfuil aon phlean aici faoi láthair ná aon phlean á bheartú chun tuilleadh Meabhrán Tuisceana a fhorbairt lasmuigh den tréimhse athbhreithnithe a aontaíodh, agus nach raibh aon phleananna le haghaidh Meabhráin Tuisceana bhreise a shíniú le húdaráis náisiúnta eile ná le húdaráis sheachtracha eile. Tugadh le fios freisin nach bhfuil aon socruithe déanta maidir le comhar frithpháirteach idir an DAFM agus comhlachtaí nó údaráis seachtracha nach bhfuil ról reachtúil acu.

Thug an DAFM le fios freisin nach ndearnadh aon athrú ar na hacmhainní atá ar fáil le haghaidh na nAchtanna Ceimiceán (agus do reachtaíocht bhainteach an AE) ó 2011 i leith.

## 2. Coimisinéirí Ioncaim - Seirbhís Custaim na gCoimisinéirí Ioncaim

Níl aon ról gníomhach ag Seirbhís Custaim na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le cuidiú le cur i bhfeidhm Rialachán REACH ná CLP ná Rialachán na nGlantach. Mar sin féin, is iad na Coimisinéirí Ioncaim an t-údarás náisiúnta ainmnithe faoi Airteagal 17 de Rialachán Rotterdam agus tá Seirbhís Custaim na gCoimisinéirí Ioncaim freagrach as rialú allmhairiú agus onnmhairiú ceimiceán contúirteach atá liostaithe sa Rialachán sin. Chun na críche sin, tá próifílí socraithe i gcóras Uathoibreach Próiseála Iontrála (AEP) na gCoimisinéirí Ioncaim um imréiteach Custaim. Ciallaíonn sé seo go bhfuil an córas AEP leagtha amach chun scéal a thabhairt do bhaill foirne Custaim faoi dhearbhuithe éagsúla onnmhairíochta. Sa chás go mbíonn aon cheist maidir le hUimhir Thagartha Shainaitheantais (RIN), nó maidir le ceanglas maidir le RIN, nó faoi onnmhairiú ceimiceáin áirithe, déanann lucht Custaim teagmháil leis an údarás náisiúnta ainmnithe oiriúnach chun soiléiriú a fháil maidir le stádas an cheimiceáin atá i gceist. Níl aon fhoráil i Rialachán Rotterdam féin maidir le haon toirmeasc ná srian a chur ar allmhairiú ceimiceán.

Tá na Coimisinéirí Ioncaim tar éis a chur in iúl don lucht trádála (tríd an gCoiste Comhairleach Custaim) faoin ndearbhú onnmhairíochta agus faoi cheanglais RIN maidir le honnmhairiú ceimiceán atá cuimsithe ag Rialachán Rotterdam in 2012. Is féidir leis an bpobal an lámhleabhar foirne a rochtain ar láithreán gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim: Dangerous Chemicals Manual. Ina theannta sin, tá faisnéis ghinearálta le fáil ar Láithreán Gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le hearraí coiscthe nó srianta, lena n-áirítear faisnéis faoi onnmhairiú ceimiceán contúirteach faoin Rialachán Rotterdam.

http://www.revenue.ie/en/customs/prohibitions-restrictions/index.html

Áirítear ar ghníomhaíochtaí lucht Custaim próifíliú leictreonach a dhéanamh ar an gcóras AEP ar cheimiceáin chontúirteacha áirithe agus an bailíochtú a dhéanann foireann Custaim ar RINanna le linn onnmhairithe nuair is oiriúnach. Eisíodh an lámhleabhar eolais do gach ball foirne Custaim agus tá cur síos ann ar na nósanna imeachta a bheidh le húsáid maidir le honnmhairiú na gceimiceán sin atá sonraithe i Rialachán Rotterdam.

Shínigh na Coimisinéirí Ioncaim (Custaim), an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta agus an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia (ar a dtugtar an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara anois) Meabhrán Tuisceana i mí Iúil 2010. Leagann an Meabhrán sin amach na róil agus na freagrachtaí faoi leith atá ann maidir le cur chun feidhme Rialachán Rotterdam. Freastalaíonn ionadaí Custaim agus ionadaithe ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara ar Comhchruinnithe DNA na hÉireann. Aontaíodh agus síníodh téarmaí tagartha.

Tharraing na Coimisinéirí Ioncaim anuas an cheist arís ina dtuarascáil don bhliain 2012, faoi leas a bhaint as cóid Ainmníochta Comhcheangailte (CN) i bpróifíliú don Údarás. Is féidir aitheantóirí éagsúla a úsáid chun próifíliú a thionscnamh agus sa chás seo is iad sin cóid AC na gceimiceán nó ainmneacha a dtrádálaithe. Ní féidir cóid CN na ceimiceáin shonracha atá faoi réir Rialacháin Rotterdam a úsáid lena n-aithint i ngach cás. Ina lán cásanna níl na ceimiceáin atá is gceist ar aon dul le cóid AC faoi leith. D’fhéadfadh cód AC faoi leith tagairt a dhéanamh do suas le 300 ceimiceán éagsúil agus b’fhéidir go bhféadfadh RIN a bheith ag teastáil le haghaidh líon beag acu, ach nach mbeadh RIN ag teastáil don chuid eile acu, agus d’fhéadfadh sé tarlú go mbeadh cosc ar onnmhairí cuid acu. Dá réir sin, níl sé indéanta díriú i gceart ar na dearbhuithe leasa faoi Rialachán an CE, mar d'fhéadfadh sé dul i gcionn ar go leor dearbhuithe neamh-ábhartha eile freisin. Is saincheist í seo atá le réiteach ag gach ballstát. Chuir lucht Custaim moladh faoi bhráid Choimisiún an AE trí bhíthin an Údaráis in 2011 go mbeadh sé éigeantach leas a bhaint as uimhir uathúil (m.sh. Uimhir CUS) chun ceimiceáin shonracha a aithint. Táimid ag fanacht le freagra a fháil faoin mheastóireacht a dhéanfar ar an moladh sin ach níor tuairiscíodh go dtí seo go ndearnadh aon dul chun cinn. Tarraingeoidh an tÚdarás an cheist anuas in 2013 leis an gCoimisiún agus leis an Roinn atá i gceannas air .i. an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

### 3. Bord Ospidéil Beaumont

Is é Bord Ospidéil Beaumont an comhlacht a ceapadh le bheith freagrach as faisnéis a fháil maidir le práinnfhreagairtí sláinte (Airteagal 9[3] Rialachán na nGlantach agus Airteagal 45 CPL) agus tá sé ceaptha mar Lárionad Faisnéise Náisiúnta um Nimheanna (NPIC) chun an fheidhm sin a chomhlíonadh.

D'fhreagair an Lárionad 2,135 fiosrú faoi eachtraí ina raibh amhras ann gur nimhíodh daoine nó go raibh daoine nochta do nimhiú le táirgí ceimiceacha baile, lena n-áirítear 1,009 táirge glantach (sonraí tosaigh). Ba iad táirgí glanta fabraicí (go mór mór saicíní nó capsúil de ghlantach leachtach), tuarthóirí, glantóirí nó úraitheoirí leithreas agus táirgí do mhiasniteoirí na táirgí glantacha ba minice a bhí i gceist.

Tá ról ag an NPIC maidir le háiteanna a aithint ina bhféadfadh bearta feabhsaithe a bheith ag teastáil chun priacail a bhainistiú, agus ar an ábhar sin d’inis sé don Údarás in 2012, ós rud é gurb é sin an tÚdarás Inniúil ó thaobh Rialachán na nGlantach, mar gheall ar an líon díréireach eachtraí a tharla nuair a d’ionghabh leanaí capsúil glantach níocháin ("liquitabs”) nó a raibh an baol ann go ndéanfadh siad é sin. Bhí an tÚdarás ina chathaoirleach ina dhiaidh sin ar chruinnithe le monaróirí aonair agus le hionadaithe an tionscail le fiafraí díobh cad a bhí beartaithe acu chun laghdú a dhéanamh ar eachtraí den sórt sin. Ba é an freagra a thug lucht an Tionscal ar an scéal ná Clár deonach um Maoirseacht Táirge a fhorbairt le haghaidh táirgí den sórt sin trínar thug siad isteach pacáistiú breise agus bearta lipéadaithe. Leanfaidh an NPIC ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar eachtraí a bhaineann leis na táirgí sin le féachaint cén tionchar atá ag na bearta sin. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach le do thoil ar an gcuid faoi cheimiceáin i bpríomhchuid na tuarascála.

Rinne an Coimisiún Eorpach athbhreithniú faoi Airteagal 45 de na Rialacháin CPL le féachaint an bhféadfaí chomhchuibhiú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a chuirfear faoi bhráid ionad nimheanna agus comhlachtaí ceaptha, lena n-áirítear formáid a cheapadh don fhaisnéis a sheolann allmhaireoirí agus úsáideoirí ina dhiaidh sin isteach. Thacaigh Údaráis Inniúla na Ballstáit ag cruinniú CARACAL in 2012 le comhchuibhiú a dhé-

anamh ar fhógraí faoi tháirgí agus tá obair ar an tionscadal sin ar siúl i gcónaí. Páirtí leasmhar sa phróiseas sin is ea Cumann Eorpach na Lárionad Nimheanna agus na dTocsaineolaithe Cliniciúla (EAPCCT). Ós rud é go bhfuil Stiúrthóir agus Bainisteoir an NPIC ina mbaill de EAPCCT bhí páirt acu sa phlé leanúnach atá ar siúl leis an gCoimisiún agus le lucht an tionscail agus a bhfuil sé mar aidhm aige bailchríoch a chur ar thacar sonraí comhchuibhithe.

Mar fhocal scoir, ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil aon dualgais forfheidhmithe ag NPIC faoi CLP agus nach bhfuil sé páirteach in aon socruithe faoi leith maidir le comhoibriú le húdaráis náisiúnta ná Eorpacha eile, seachas an comhoibriú leanúnach sin a bhfuil cur síos air thuas. Thug an NPIC le fios nár cuireadh aon fhoireann bhreise ar fáil le haghaidh dualgas a bhaineann leis an Acht Ceimiceán. Coibhéis 4.5 oibrí lánaimseartha atá acu agus oibríonn siad sin ar réimse ceisteanna eile chomh maith leis an reachtaíocht atá i gceist.

## 4. Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB).

Údarás Inniúil chun críocha Airteagal 8(2) agus (3) de Rialachán na nGlantach, agus iad sin amháin, is ea Bord Náisiúnta Creidiúnaithe na hÉireann (INAB). San aighneacht a chuir INAB faoi bhráid an Údaráis in 2012 thug siad le fios nach bhfuil aon saoráidí GLP acu ná saotharlanna (ISO 17025) a sholáthraíonn seirbhísí saotharlainne faoi REACH ná faoi Rialachán na nGlantach. Leanann INAB air ag glacadh páirte san Eagraíocht um Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD), Dea-Chleachtais Saotharlainne (DCS) agus i ngrúpaí oibre an Choimisiúin Eorpaigh.

## 5. Coistí Comhairleacha Náisiúnta

Is é Coiste Comhairleach Teicniúil agus Eolaíoch (TSAC) an Údaráis an príomhfhóram comhairliúcháin le comhlachtaí seachtracha maidir le ceimiceáin agus bíonn ionadaithe an EPA agus na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara páirteach ann. Tionóladh trí chruinniú den fhóram in 2012 de thoradh forbairtí a rinneadh maidir le Rialacháin REACH agus CLP, chomh maith le forbairt a rinne an tÚdarás ar threoir faoi ceimiceáin a bhainistiú go sábháilte.





AN TÚDARÁS SLÁINTE
AGUS SÁBHÁILTEACHTA

# Aguisín F:
# Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh 2012

Úsáideann an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta an méid fuinnimh is mó inár gceanncheathrú i Sráid James Joyce, inár seacht n-oifig réigiúnacha agus inár dhá thrádstóras. Úsáidtear an chuid is mó den fuinneamh ar shoilsiú, ar aerchóiriú, ar threalamh oifige agus ar threalamh lónadóireachta.

Thomhail an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta 700,000 kWh d'fhuinneamh in 2012. Bhí sé sin comhdhéanta de:

- 68,000 kWh de ghás nádúrtha
- 632,000 kWh de leictreachas

**Bearta a rinneadh in 2012**

Thug an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta faoi réimse tionscnamh in 2012 chun feabhas a chur ar a fheidhmíocht ó thaobh fuinnimh de, lena n-áirítear:

- Soilsiú níos éifeachtaí ó thaobh fuinnimh de a shuiteáil inár n-oifigí réigiúnacha;
- An spás oifige a bhíodh againn i gCill Chainnigh a laghdú;
- Athlonnaíodh an suíomh athshlánaithe ó thubaiste go háis seirbhíse comhroinnte, sa chaoi gur laghdaíodh an tomhailt fuinnimh;
- Leanamar orainn a bheith rannpháirteach i scéimeanna athchúrsála;
- Tá seirbhísiú agus cothabháil leanúnach á ndéanamh ar ár gcóras aerchóirithe chun éifeachtacht fuinnimh a fheabhsú.

**Gníomhartha beartaithe le haghaidh 2013**

Tá rún ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta tabhairt faoi réimse tionscnamh in 2013 chun feabhas a chur ar a fheidhmíocht ó thaobh fuinnimh de, lena n-áirítear:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú an bhainc freastalaí TFC chun fuinneamh a spáráil;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar phleananna fuinnimh agus ár soláthraithe seirbhíse a athrú, nuair is féidir, chun coigilteas a chinntiú;
- Seirbhísiú agus cothabháil leanúnach a dhéanamh ar ár gcóras téite agus aerchóirithe;
- Athchúrsáil nó laghdú dramhaíola a dhéanamh nuair is féidir;
- Córais a uasghrádú de réir mar is cuí.

# Aguisín G: Ráiteas maidir le comhlíonadh cheanglais an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit – sa bhreis ar an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais

Ní mór an Ráiteas maidir le Comhlíonadh a léamh in éineacht leis an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais atá le fáil sa Tuarascáil Bhliantúil agus i Ráitis Airgeadais an Údaráis araon. Féachann an Ráiteas le dearbhú a sholáthar i dtaca le réimse míreanna atá sonraithe in Alt 13.1 den Chód nach bhfuil luaite sa Ráiteas um Rialú Inmheánach Airgeadais.

Tá Cód Caighdeán agus Iompraíochta leagtha síos d'fhostaithe agus tá Cód Rialachais Chorparáidigh leagtha síos do Chomhaltaí an Bhoird, agus cloítear leis an dá chód.

Cloítear le beartas an Rialtais maidir le pá na bPríomhfheidmeannach agus maidir le pá gach fostaí de chuid na gcomhlachtaí stáit. Tá sonraí maidir le tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh foilsithe sa Tuarascáil Bhliantúil.

Tá treoirlínte an Rialtais maidir le táillí agus speansais Stiúrthóirí á gcomhlíonadh. Tá sonraí faoi na táillí agus na speansais a íocadh le comhaltaí an Bhoird in 2012 i nóta a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais agus sa Tuarascáil Bhliantúil.

Níor tharla aon imeachtaí suntasacha ó rinneadh amach an clár comhardaithe.

Chloígh an tÚdarás le gach gné de bheartais taistil an Rialtais agus tá gach nós imeachta cuí maidir le tuairisciú airgeadais, iniúchadh inmheánach, taisteal, soláthar agus diúscairt sócmhainní á gcur i gcrích.

Comhlíon an tÚdarás na dlíthe cánach ábhartha go léir agus tá an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit á chomhlíonadh aige.

Thar ceann an Bhoird.

Michael Horgan

Cathaoirleach

Márta 2013



AN TÚDARÁS SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA